

AN BORD IMSCRÚDÚ TAISMÍ MUIRÍ

# Tuarascáil Bhliantúil

2019

MCIB
Marine Casualty Investigation Board
*Bord Imscrúdú Taismí Muirí*

An Tréimhse Tuairiscithe – 1 Eanáir go 31 Nollaig 2019

Bunaíodh an Bord Imscrúdú Taismí Muirí ar an 25 Márta 2003 faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000.

Is leis an mBord Imscrúdú Taismí Muirí an cóipcheart sa tuarascáil seo de bhua alt 35(5) den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000.

Ní cheadaítear d'aon duine an tuarascáil seo, ná aon chuid di, a tháirgeadh, a atáirgeadh nó a tharchur in aon fhoirm ná ar aon mhodh gan cead sainráite chuige sin ón mBord Imscrúdú Taismí Muirí.

Tá saorchead ann maidir le húsáid a bhaint as an tuarascáil seo chun críocha oideachais.

Arna fhoilsiú ag an mBord Imscrúdú Taismí Muirí © 2020

# Clár Ábhar

## Mír 1


| | | |
|---|---|---|
| 1. | Ráiteas an Chathaoirligh | 2 |
| 2. | Comhaltaí Boird agus Eolas Ginearálta | 6 |
| 3. | Réamhrá maidir le Teagmhais agus Imscrúduithe | 10 |
| 4. | Achoimre ar na Teagmhais a Tharla le linn 2019 | 11 |
| 5. | Achoimre ar na Tuarascálacha a Foilsíodh le linn 2019 | 17 |
| 6. | Comparáidí idir Taismí Muirí ó 2010 go 2019 | 23 |
| 7. | Treochtaí maidir le Básanna ó 2010 go 2019 | 24 |
| 8. | Aguisín A | 25 |
| 9. | Aguisín B | 26 |


## Mír 2


Ráitis Airgeadais don tréimhse ó 1 Eanáir go 31 Nollaig 2018 27

# Ráiteas an Chathaoirligh



**Claire Callanan,**
Cathaoirleach

A Aire, a chara,

De réir na gceanglas in Alt 21 den an Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000, cuirim i láthair an seachtú Tuarascáil Bhliantúil déag de chuid Bhord Imscrúdú Taismí Muirí (BITM) a chlúdaíonn an tréimhse ó 1 Eanáir go 31 Nollaig 2019.

Cuirfear cuntais iniúchta an BITM faoi do bhráid níos déanaí sa bhliain tar éis don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste an t-iniúchadh bliantúil de réir na gceanglas in Alt 20(2) den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000. Ina dhiaidh sin, cuirfear an tuarascáil seo le chéile le Ráiteas Airgeadais an BITM chun Tuarascáil Bhliantúil an BITM 2019 lena scaipeadh agus lena fhoilsiú ar an suíomh gréasáin BITM www.mcib.ie.

### Achoimre ar 2019

Le linn 2019 chuir an BITM tús le himscrúdú iomlán ar dheich dtaismeach mhuirí, dhá oiread níos airde ná an líon a ndearnadh imscrúdú air in 2018. In 2019 fuair seisear bás sna taismigh mhuirí atá á n-imscrúdú agus gortaíodh duine amháin ar bhealach a d'athraigh saol an duine sin i dteagmhas iomartha ag Sparr Thuamhan i gContae Luimnigh.

Fuair beirt bás in dhá theagmhas a raibh baint ag cadhcanna leo. Fuair beirt bás in dhá theagmhas ar leith agus iad ag dul ar bord a mbáid iascaireachta feistithe. Cailleadh beirt eile agus iad ag iascaireacht mar chaitheamh aimsire.

Ba mhaith leis an mBord ár gcomhbhrón a chur in iúl dóibh siúd go léir a bhfuair duine muinteartha leo bás sna teagmhais sin.

Chomh maith leis sin, thug an BITM faoi dhá Réamhimscrúdú in 2019 (féach leathanach 16). Bhain an chéad teagmhas, i gCalafort Bhaile Átha Cliath, le pléascadh a tharla nuair a bhí lastlong ag dílódáil moláis agus bhí an t-ádh leis an gcriú nár gortaíodh aon duine díobh. Ach fuair duine bás mar gheall ar an dara teagmhas a tharla ar bord bád farantóireachta róró ag Ros Láir. Phléigh an Bord 26 mionteagmhas eile. Mar chuid de sin, chomhoibrigh an BITM leis na heagraíochtaí imscrúdaithe teagmhais i stáit eile. I gcásanna áirithe, d'uaslódáil Éire sonraí chuig an Ardán Eorpach maidir le hImscrúdú Taismí Muirí (EMCIP)[1].

Faigheann an BITM fógraí maidir le go leor teagmhas eile nach gá imscrúdú a dhéanamh orthu. Den chuid is mó, tagann siad as tuairiscí staide a eisíonn Gardaí Cósta na hÉireann. Le linn 2019, rinne an BITM measúnú ar 38 de na tuairiscí sin le socrú cibé acu an raibh imscrúdú ag teastáil nó nach raibh faoin reachtaíocht ábhartha.

Cuireadh an BITM ar bun 17 mbliana ó shin agus, amhail deireadh 2019, d'fhoilsigh sé 230 tuarascáil maidir le teagmhais faoina shainchúram reachtúil. D'fhoilsigh an Bord seacht dTuarascáil deiridh maidir le hImscrúdú Taismí Muirí in 2019. Cé is moite d'imscrúdú amháin, cuireadh i gcrích agus foilsíodh gach imscrúdú ar theagmhais a tharla roimh Eanáir 2019. Táthar ag obair go fóill ar an tuarascáil deiridh maidir le teagmhas a tharla in 2018 in Portronan i gContae Dhún na nGall, nuair a cailleadh beirt i dteagmhas a bhain le luasbhád áineasa. Tá an t-imscrúdú fós ar siúl mar gheall ar a chasta is atá sé.

Tarraingíonn an dá theagmhas in aon bhliain amháin ina raibh baint ag cadhcanna aird ar na dainséaracha a bhaineann le gníomhaíocht a nglacann go leor daoine ag a bhfuil leibhéil chumais éagsúla páirt inti. Tá sé fíorthábhachtach go dtuigeann aon duine nó grúpa a ghlacann páirt sa ghníomhaíocht sin an tábhacht a bhaineann le pleanáil bhealaigh leordhóthanach agus go mbíonn tuiscint mhaith acu ar an gcúrsa uisce. Ba cheart tabhairt faoi mheasúnuithe riosca ar gach stráice abhann a bhfuil sé beartaithe úsáid a bhaint as, agus ba cheart aird ar leith a thabhairt ar leibhéil éagsúla inniúlachta i measc iad siúd a ghlacann páirt i ngach gné den ghníomhaíocht. Ba chóir do rannpháirtithe cinnte a dhéanamh de go bhfuil an trealamh sábháilteachta riachtanach ar fad acu agus gur cinntíodh go bhfuil modh cumarsáide éifeachtach i gcás timpiste. Má tá páirt ag clubanna san oiliúint, tá sé tábhachtach go bhfuil Córas Bainistíochta Sábháilteachta láidir i bhfeidhm ag gach club den chineál sin. Ní mór dóibh a chinntiú go gcuireann cóitseálaithe a bhfuil an leibhéal riachtanach scileanna acu na seisiúin oiliúna ar fáil agus go bhfuil an criú mór go leor

1. Is bunachar sonraí agus córas dáilte sonraí é an tArdán Eorpach maidir le hImscrúdú Taismí Muirí (EMCIP) a oibríonn an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí.

chun sábháilteacht líon na ndaoine a bhfuil páirt acu iontu a chinntiú. Ní mór cleachtais agus nósanna imeachta sábháilteachta cloí leis an gCód Cleachtais: 'Oibriú Sábháilte na nÁrthach Áineasa (2017)'.

Ar an drochuair, cosúil leis na blianta roimhe, ní mór dom labhairt faoi na teagmhais ar léirigh torthaí tocsaineolaíochta ó Oifig an Chróinéara fúthu go raibh baint ag alcól leo. Cé nach féidir i gcónaí cúis chruinn an teagmhais a fháil amach go cinnte, d'fhoilsigh an Bord dhá thuarascáil in 2019 faoi theagmhais inar bhféadfadh alcól cur as do bhreithiúnas agus am freagartha na ndaoine a fuair bás. Bíonn tionchar díobhálach aige sin ar chumas fhormhór na ndaoine déileáil le rudaí nach mbíonn siad ag súil leo. Níor cheart d'aon duine de chriú alcól ná ábhair mheisciúla eile a úsáid roimh aon turas ar an uisce nó le linn aon turais ar an uisce. Má tharlaíonn aon rud nach bhfuiltear ag súil leis, a d'fhéadfadh éirí níos tromchúisí an-tapa, d'fhéadfadh an cumas chun smaoineamh go tapa agus go stuama an difear idir bás agus beatha a dhéanamh.

Is mian liom freisin aird a tharraingt ar a mhístuama is atá sé a bheith ag brath ar ghutháin phóca mar an príomh-mhodh cumarsáide ar muir. Maítear in alt 11.11 den Chód Cleachtais d'Árthaí Áineasa nár cheart brath ar ghutháin phóca mar an príomh-mhodh cumarsáide chun teagmháil a dhéanamh leis na seirbhísí éigeandála. Is é raidió VHF muirí an modh cumarsáide is oiriúnaí. Chuir an Bord fáilte roimh Fhógra Muirí Uimh. 40 de 2019 a d'eisigh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (RITS), lena dtugtar spreagadh d'úsáideoirí árthach áineasa trealamh VHF muirí a thabhairt leo ar bord lena úsáid mar an príomh-mhodh cumarsáide Trioblóide agus Sábháilteachta. Ina theannta sin, moltar go láidir Rada-Rabhchán Éigeandála le haghaidh Taispeáint Suímh (EPIRB) agus/nó Rabhchán Aimsiúcháin Pearsanta (PLB) a iompar. Níor cheart breathnú ar ghutháin phóca mar ionadaí oiriúnach agus níor cheart brath orthu mar an t-aon mhodh cumarsáide amháin ar muir.

Chuir an Bord fáilte roimh eisiúint an Fhógra Mhuirí Uimh. 38 de 2019 tar éis teagmhas marfach ina raibh baint ag árthach iascaireachta beag. Leagadh amach san fhógra sin an tábhacht a bhaineann le bunoiliúint sábháilteachta do scipéirí agus criú. Cuireadh in iúl d'úinéirí freisin go gcaithfidh nádúr agus méid aon athchóirithe mhóir nó aon athraithe struchtúraigh mhóir ar a n-árthach cloí leis an gCód Cleachtais d'Árthaí Iascaireachta < 15 mhéadar (Alt 1.5.4.4.). D'fhéadfadh mionathruithe neamhcheadaithe ar árthaigh a bheith ina gcúis le teagmhas ina bhfaigheann duine bás, nó d'fhéadfaidís cur leis an teagmhas sin.

Le linn 2019, lean an Bord de thionchar imeacht Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann as an Aontas Eorpach a phlé. Leanfaidh an Bord de mheasúnú a dhéanamh ar iarmhairtí imeacht na RA. Ar na saincheisteanna a bhaineann leis an BITM, tá imscrúduithe ar thaismí muirí ina bhfuil baint ag longa Ro-Pax agus Árthaigh Ardluais do Phaisinéirí a chlúdaíonn Treoir 2009/18 an AE.

I Márta 2019, chuir an Coimisiún Eorpach iarratas isteach chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcoinne na hÉireann maidir le hAirteagal 8.1 de Threoir 2009/18/CE de 23 Aibreán 2009 a chur i bhfeidhm. Cuireadh ar bun leis an Airteagal sin na bunphrionsabail a rialaíonn imscrúdú na dtimpistí in earnáil an iompair mhuirí, agus aird ar leith ar neamhspleáchas an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí. Thaisc an Stát cosaint sna himeachtaí sáraithe in 2019 agus táthar ag fanacht le cinneadh na Cúirte.

Rinneadh an Cód Cleachtais: Oibriú Sábháilte na nÁrthach Áineasa 2017 a nuashonrú in 2019. Is féidir an t-eolas is déanaí a íoslódáil i bhformáid leictreonach ar https://www.gov.ie/en/publication/66ff7e-safe-operation-of-recreational-craft/

### Imscrúduithe Seachtracha ar Thaismí

Is é painéal imscrúdaitheoirí seachtracha an Bhoird a dhéanann gach imscrúdú ar thaismí. Cuimsíonn an painéal pearsanra ag a bhfuil cáilíochtaí teicniúla mar ailtirí cabhlaigh, mar innealtóirí muirí nó mar oifigigh dheice. Léiríonn an painéal inniúlacht agus taithí fhorleathan mhuirí ar nithe iad sin atá tábhachtach le linn imscrúduithe neamhspleácha a dhéanamh. Seoltar imscrúduithe d'aon toisc chun taismí muirí agus teagmhais mhuirí amach anseo a chosc. Ní mheastar in aon chás go gcinntear dliteanas nó go gcionroinntear milleán dá mbarr.

De ghnáth, is iad seo a leanas na céimeanna agus na torthaí a bhaineann le himscrúdú:

| | |
|---|---|
| **Fógra** | Nuair a thugtar fógra do BITM faoi thaisme nó faoi theagmhas muirí ní mór measúnacht a dhéanamh chun cinneadh a dhéanamh i dtaobh an ndéanfar imscrúdú. |
| **Fianaise a bhailiú** | Tar éis tús a chur le himscrúdú tá sé fíorthábhachtach fianaise, lena n-áirítear finnéithe a chur faoi agallamh, a bhailiú chomh gasta agus is féidir le gur féidir tuiscint a fháil ar imthosca an teagmhais agus ar ord na n-imeachtaí lena mbaineann.. |

| | |
|---|---|
| **An fhianaise a anailísiú** | Ní mór fianaise a anailísiú go cuí chun na gnéithe ar tharla an taisme muirí nó an teagmhas muirí dá mbarr a shainaithint. Dírítear ar thuiscint a fháil ar cén fáth gur lean an taisme as gníomh nó as dála ar leith agus ar an gcomhthéacs fisiciúil nó ar an gcomhthéacs eagraíochtúil inar tharla an taisme nó an teagmhas. |
| **Teacht ar chonclúidí** | Sainaithníonn conclúidí aon saincheisteanna sábháilteachta atá ann, mar aon le haon chosaintí easnamhacha nó neamhleora (de chineál ábhar, feidhmiúil, siombalach nó nós imeachta) ar ceart gníomhartha sábháilteachta a fhorbairt ina leith chun taismí agus teagmhais muirí a chosc. |
| **Gníomhartha feabhais a chinneadh** | Más cuí, déanann BITM Moltaí Sábháilteachta, is é sin tograí maidir le gníomhartha feabhais chun taismí agus teagmhais muirí amach anseo a chosc, don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus do chomhpháirtithe eile is fearr ar féidir leo bearta den chineál sin a chur i bhfeidhm. |
| **Tuarascáil** | Ag deireadh an imscrúdaithe, cuirtear tuarascáil le chéile a sholáthraíonn, i measc nithe eile, na fíricí inaitheanta maidir le dálaí an imeachta, anailís ar na cúinsí atá taobh thiar de agus na conclúidí. Foilsítear an tuarascáil d'fhonn na ceachtanna sábháilteachta a scaipeadh ar an bpobal muirí. Déantar sonraí maidir le taismí muirí agus teagmhais mhuirí a thagann faoi raon feidhme Threoir 2009/18/CE a uaslódáil chuig an Ardán Eorpach maidir le hImscrúdú Taismí Muirí (EMCIP), agus ar an mbealach sin tacaítear lena n-anailísí. |

### Tuarascálacha a Foilsíodh in 2019

D'fhoilsigh an Bord seacht dTuarascáil Deiridh le linn 2019. Tá na sonraí ar fad ar fáil idir leathanach 17 agus 22.

### Teagmhais sa Bhliain 2019

Chuir an Bord tús le himscrúduithe ar dheich dteagmhas in 2019. Tá sonraí achoimre maidir leis na teagmhais ar fáil sa tábla thíos. Tá na sonraí ar fad maidir leis na teagmhais leagtha amach idir leathanach 11 agus 16 (tá sonraí maidir leis an dá réamhimscrúdú a ndearnadh tagairt dóibh curtha san áireamh sa tábla sin mar eolas).

Bhain ceithre cinn de na deich dteagmhas nár mhór imscrúdú iomlán a dhéanamh orthu leis an tionscal iascaireachta, bhain cúig cinn le húsáid áineas agus bhain ceann amháin le himbhualadh idir lastsoitheach agus luamh.

| Earnáil | Teagmhais | Bá | Básanna | Gortuithe |
|---|---|---|---|---|
| Iascaireacht | 4 | 2 | 2 | 0 |
| Lastas Ginearálta (Lastas Ró-Ró) | 1 | 0 | 0 | 0 |
| Áineas | 5 | 1 | 4 | 1 |
| Paisinéirí | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **Iomlán** | **10** | **3** | **6** | **1** |

#### Árthaí Iascaireachta

Bhain ceithre theagmhas le hárthaí iascaireachta agus cailleadh daoine in dhá cheann díobh.

- Fuair duine den chriú bás agus é ag filleadh ar a árthach sna Cealla Beaga, Contae Dhún na nGall (15/03/2019).
- Tine ar bord árthach iascaireachta amach ó chósta Loch Garman (03/05/2019).
- Fuair duine den chriú bás agus é ag filleadh ar a árthach i Ros Láir, Contae Loch Garman (19/05/2019).
- Dul i dtalamh agus cailleadh trálaeir amach ó chósta Ard Ghlais i gContae an Dúin (24/10/2019).

#### Árthaí Áineasa

Bhain cúig theagmhas le hárthaí áineasa agus cailleadh daoine i gceithre cinn díobh.

- Bhain bás amháin le canú ar Loch Gile i gContae Shligigh (29/01/2019).
- Gortaíodh duine ar bhealach a d'athraigh saol an duine sin i dteagmhas iomartha ag Sparr Thuamhan i gContae Luimnigh (23/02/2019).
- Fuair duine amháin bás ar árthach iascaireachta áineasa ar Loch Measca i gContae Mhaigh Eo (09/03/2019).
- Fuair duine amháin bás nuair a chuaigh árthach a bhí i mbun iascaireacht áineasa faoi uisce ag Bá Dhún Mánais i gContae Chorcaí.

- Fuair duine amháin bás i dteagmhas cadhcála ag Gleann Chárthaigh i gContae Chiarraí (02/11/2019).

**Árthach lastais agus luamht**

Bhain teagmhas amháin le himbhualadh idir árthach lastais agus luamh amach ó Chuan na gCloch Liath (23/08/2019).

## Achoimre ar theagmhais ó 2010 go 2019

Tá táblaí mionsonraithe maidir leis na teagmhais a ndearnadh imscrúdú orthu sna blianta idir 2010 go 2019 ar leathanaigh 23 agus 24 den tuarascáil seo. Cuirtear achoimre ar na teagmhais ar fad a ndearnadh imscrúdú orthu le linn na mblianta sin ar fáil sa tábla thíos:

| | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Básanna | 18 | 7 | 13 | 6 | 5 | 5 | 9 | 6 | 9 | 6 |
| Gortuithe | 2 | Nialas | 4 | Nialas | 1 | 0 | 14 | Nialas | Nialas | 1 |
| Líon árthaí a bhí i gceist | 18 | 12* | 17 | 6 | 7 | 7 | 15 | 5 | 5 | 11 |

*Ní áiríonn an figiúr seo an teagmhas ag Ceann Chlochair sa bhliain 2011 a raibh líon mór cadhcanna i gceist leis.

## Eitic in Oifigí Poiblí

I rith na bliana 2019, chomhlíon gach comhalta den Bhord na forálacha agus na ceanglais infheidhme de chuid na nAchtanna Eitice agus an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001.

## Buíochas

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar an mBord as a gcuid tacaíochta liom sa chéad bhliain dom i mo Chathaoireach ar an BITM agus as an obair ar fad a rinne siad le linn 2019 chun gur comhlíonadh freagrachtaí reachtúla an Bhoird.

Ní bheifí ábalta aon chuid dár gcuid obire a dhéanamh gan saineolas ár bpainéil imscrúdaitheoirí éifeachtúil a bheith againn. Chuir an Bord fáilte roimh roinnt comhaltaí nua in Eanáir 2019 agus bhí sé sásta beirt imscrúdaitheoirí ón bpainéal roimhe a choinneáil.

Is cúis áthais freisin obair iontach na Rúnaíochta a aithint freisin. Ní bheadh an Bord in ann feidhmiú mar is ceart gan scileanna, taithí agus tiomantas na Rúnaíochta. Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo as a gcuid oibre déine i dtimpeallacht dhúshlánach ina bhfuil méid teoranta acmhainní ar fáil. Ba mhian leis an mBord freisin buíochas a ghlacadh le Monica Quinn, a d'éirigh as i Nollaig, as a gcuid seirbhíse ar mhaithe le hobair an Bhoird, agus gach rath a ghuí uirthi amach anseo. Bhí an t-ádh orainn gur thosaigh Philip Grattan ag obair linn. Ceapadh é ar fhoireann na Rúnaíochta i Samhain 2019.

Ar deireadh, is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl as an tacaíocht a thug tú, mar Aire, agus a thug d'oifigigh sa Rannóg Beartais um Shábháilteacht Mhuirí don Bhord le linn 2019.



CLAIRE CALLANAN
CATHAOIRLEACH

# Comhaltaí Boird agus Eolas Ginearálta



**Claire Callanan,**
Cathaoirleach, Aturnae



**Dorothea Dowling,**
Leas-Chathaoirleach,
Árachóir Cairte agus
Eadránaí Creidiúnaithe



**Frank Cronin,**
Innealtóir Muirí Aicme 1
comhcheangailte, FCII, Árachóir
Cairte



**Brian Hogan,**
Príomh-Shuirbhéir, An Roinn
Iompair, Turasóireachta agus
Spóirt



**Nigel Lindsay,**
Imscrúdaitheoir Sinsearach
Tionóiscí Iarnróid, RAIU, An
Roinn Iompair,
Turasóireachta agus Spóirt

| | |
|---|---|
| Rúnaí: | Denise Hyland |
| Rúnaíocht: | Monica Quinn<br>Paul Hallissey |
| | Philip Grattan |
| Oifig Chláraithe: | Lána Líosain,<br>Baile Átha Cliath 2 |
| Guthán: | 01-6783485 |
| Ríomhphost: | info@mcib.ie |
| Suíomh Gréasáin: | www.mcib.ie |

Seo a leanas roinnt faisnéise ginearálta maidir leis an mBord Imscrúdú Taismí Muirí (BITM).

## Bunú an Bhoird

Bunaíodh an Bord Imscrúdú Taismí Muirí (BITM) faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000.

## Feidhm an Bhoird

Is é feidhm an BITM imscrúdú a dhéanamh ar Thaismí Muirí, mar a shainmhínítear sin in Alt 2 den Acht. Le linn don BITM a fheidhmeanna a chur i bhfeidhm, comhlíontar forálacha Chód Imscrúdaithe Taismí na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta agus Treoir 2009/18/CE an AE lena rialaítear imscrúdú tionóiscí in earnáil an iompair mhuirí. Is le I.R. Uimh. 276 de 2011 a thugtar éifeacht do Threoir 2009/18/CE i ndlí na hÉireann agus baineann sé le líon beag teagmhas atá á imscrúdú. Tugtar faoi imscrúduithe atá faoi raon feidhme na Treorach AE i gcomhréir le riachtanais na Treorach agus na Modheolaíochta Comhchoitinne mar a leagtar amach i Rialacháin an Choimisiúin (AE) Uimh. 1286/2011 den 9 Nollaig 2011.

**Ciallaíonn Taisme Mhuirí imeacht nó próiseas is cúis leis an méid seo a leanas nó a chruthaíonn bagairt i leith an méid seo a leanas:**

(a) bás duine nó gortú tromchúiseach do dhuine;

(b) duine a chailleadh thar bord;

(c) Árthach nó maoin a chailleadh, a ligean ar thalamh, damáiste d'árthach nó maoin, nó imbhualadh le hárthach nó maoin; nó

(d) damáiste suntasach don chomhshaol,

i dtaca le hoibriú na rudaí seo a leanas:

(i) árthach in uisce na hÉireann;

(ii) árthach atá cláraithe in Éirinn, in uiscí in aon áit; nó

(iii) árthach a bhíonn lonnaithe nó feistithe de ghnáth in uiscí na hÉireann agus atá faoi rialú ag cónaitheoir de chuid an Stáit in uiscí idirnáisiúnta atá tadhlach le huiscí na hÉireann.

**Is é is cuspóir do gach imscrúdú ar leith ná:**

1. Cúis nó cúiseanna taisme mhuirí a fháil amach.
2. Tuairisc a thabhairt ar an taisme mhuirí d'fhonn moltaí a dhéanamh maidir le taismí muirí den chineál céanna a sheachaint.

***Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara NACH é cuspóir an imscrúdaithe milleán nó locht a chur ar dhuine. Is comhlacht neamh-ionchúiseach é an Bord. Is feidhm de chuid Comhlachtaí Reachtúla, cosúil leis an nGarda Síochána etc., é aon ionchúiseamh a éiríonn as aon taisme a sheoladh.***

## Stádas

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é an BITM agus maoinítear é faoi Alt 19 den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000.

Déantar cóip den tuarascáil deiridh faoi gach imscrúdú ar leith a chur chuig an Aire le go mbreithneofar na moltaí a dhéantar sa tuarascáil.

Cuirtear gach tuarascáil ar fáil saor in aisce don phobal (ach iad a iarraidh) nó is féidir rochtain a fháil orthu ar láithreán gréasáin an BITM, www.mcib.ie.

# Teagmhais agus imscrúduithe
2019

MCIB
Marine Casualty Investigation Board
*Bord Imscrúdú Taismí Muirí*

An Tréimhse Tuairiscithe – 1 Eanáir go 31 Nollaig 2019

# Réamhrá

Ó bunaíodh an Bord sa bhliain 2002 agus suas go deireadh na bliana 2019, tá tuarascálacha foilsithe ag an mBord maidir le 230 cás.

Léiríonn na staitisticí atá sa Tuarascáil seo na cineálacha éagsúla árthaí a bhí i gceist agus an cúis/na cúiseanna le gach teagmhas ar leith. Tugann sé seo léargas don léitheoir ar scóip obair an Bhoird. Go dtí seo, coinníodh na formáidí tuairiscithe i bhfoirm sheasmhach ionas gur féidir comparáid a dhéanamh le teagmhais agus le tuarascálacha a bhí ann i mblianta roimhe seo.

Foilsítear gach tuarascáil ar shuíomh gréasáin an Bhoird, www.mcib.ie, agus tá siad ar fáil ar líne saor in aisce.

# Achoimre ar na Teagmhais a nDearnadh Imscrúdú Orthu agus a Tharla le linn 2019

1 Eanáir go 31 Nollaig 2019

Teagmhais atá á n-imscrúdú ag an mBord ó 2019.

| Ainm an árthaigh/Teagmhas: **Canú/Loch Gile, Contae Shligigh** | |
|---|---|
| **DÁTA TEAGMHAIS** | 29 Eanáir 2019 |
| **CINEÁL ÁRTHAIGH** | Áineasa - Bád oscailte (Canú) |
| **CINEÁL TEAGMHAIS** | Duine i bhfarraige |
| **BÁSANNA** | 1 bhás amháin |
| **ACHOIMRE** | D'fhág canúálaí an cé i ar bhruach Loch Gile thall ón oileán beag Inis Fraoigh Dé Sathairn 26 Eanáir 2019. Bhí sé i mbád oscailte (canú). Bhí sé ina aonair agus chuaigh sé achar beag siar taobh le bruach Loch Gile go dtí Coill an tSleasa, áit a ndearna sé campa gar don chladach ar an mórthír.<br><br>Thug páirtnéir an chanúálaí cuairt ar an gceantar Dé Máirt 29 Eanáir 2019 mar bhí imní uirthi mar gheall ar an easpa chumarsáide. Chonaic sí go raibh an t-árthach bunoscionn ar chladach an locha thoir ón gcé gar do choillte na Cuileanntraí agus ar an taobh thoir den ionad campála. Ghlaoigh sí na seirbhísí éigeandála ar 999. Cuireadh an Garda Cósta ar an eolas agus chuir siad tús le cuardach sa cheantar. Tháinig an Héileacaptar Tarrthála R118 ar an taismeach, ardaíodh as an loch agus tógadh go dtí Ospidéal Ginearálta Shligigh é, áit ar fógraíodh go raibh sé marbh ina dhiaidh sin. Tugadh faoi scrúdú iarbháis agus thaifead an paiteolaí go bhfuair sé bás de bharr bá fionnuisce. |

| Ainm an árthaigh/Teagmhas: **Cadhc/Cora Bhradán Thuamhan, Sparr Thuamhan, Contae Luimnigh** | |
|---|---|
| **DÁTA TEAGMHAIS** | 23 Feabhra 2019 |
| **CINEÁL ÁRTHAIGH** | Áineasa - Bád oscailte/Canú |
| **CINEÁL TEAGMHAIS** | Iompú |
| **BÁSANNA** | 1 ghortú trom amháin |
| **ACHOIMRE** | Seoladh bád iomartha a raibh criú cúigear daoine óga (12 - 13 bliana d'aois) ann thart ar 09.30 uair ar maidin Dé Sathairn 23 Feabhra 2019 ag slip Athlunkard Boat Club ar Abhainn na Mainistreach, ar craobh-abhainn na Sionainne i gCathair Luimnigh í. Bhí siad ag tabhairt faoi sheisiún traenála ar an tSionainn. Chuaigh cóitseálaí in éineacht leis an mbád iomartha ar bhád sábháilteachta.<br><br>Chuaigh an bád iomartha i sáinn thart ar 10.15 uair, bhuail sé i gcoinne tacaí i lár an tsrutha ag Cora Thuamhan agus chas sé béal fúithi. Caitheadh an cúigear san uisce nuair a bhuail an bád tacaí na cora go cliathánach le sruth na habhann agus an béal fúithi. Cuireadh tús le hoibríocht tarrthála. Ba é bád inséidte Bhriogáid Dóiteáin an Údaráis Áitiúil, an 'Fire Swift', a bhí i mbun cleachtais sa cheantar, an chéad fhreagróir.<br><br>Tharrtháil an cóitseálaí sa Bhád Sábháilteachta ceathrar den chriú ón uisce. Bhí an cúigiú ball den chriú, iomróir óg mná, curtha i bhfostú leis an mbád agus bhí sí tumtha san uisce ach shaor criú an bháid an 'Fire Swift' í. Cuireadh cóireáil ar an taismeach ar an láthair, thug criú an 'Fire Swift' i dtír í agus cuireadh san ospidéal í. |

| Ainm an árthaigh/Teagmhas: **Loch Measca, Contae Mhaigh Eo** | |
|---|---|
| **DÁTA TEAGMHAIS** | 9 Márta 2019 |
| **CINEÁL ÁRTHAIGH** | Áineasa - Bád oscailte/Canú |
| **CINEÁL TEAGMHAIS** | Duine thar bord |
| **BÁSANNA** | 1 bhás amháin |
| **ACHOIMRE** | Ar 8 Márta 2019, d'fhág slatiascaire áitiúil an tslip ag Cois Locha gar do Bhaile an Róba i gContae Mhaigh Eo. Bhí sé beartaithe aige an tráthnóna a chaitheamh ag iascaireacht ar Loch Measca.<br><br>Níor tháinig sé ar ais an oíche sin agus cuireadh tús le hoibríocht chuardaigh agus tarrthála agus chuir an drochaimsir bac air sin.<br><br>Aimsíodh a bhád locha an lá ina dhiaidh sin ar bhruach thoir Loch Measca. Níor aimsíodh corp an tslatiascaire go dtí 30 Márta 2019 tar éis cuardach leanúnach. |

| Ainm an árthaigh/Teagmhas: **MV Menhaden/Cuan na gCealla Beaga, Contae Dhún na nGall** | |
|---|---|
| **DÁTA TEAGMHAIS** | 15 Márta 2019 |
| **CINEÁL ÁRTHAIGH** | Árthach iascaireachta, >24m |
| **CINEÁL TEAGMHAIS** | Bádh duine den chriú agus é dul ar bord an árthaigh arís |
| **BÁSANNA** | 1 bhás amháin |
| **ACHOIMRE** | Chonacthas an Taismeach den uair dheiridh ar theilifís ciorcaid iata (CCTV) ag 00.55 uair Déardaoin 14 Márta 2019. Bhí a árthach, an 'MFV Menhaden', feistithe taobh leis an mbád 'MV Grip Transporter' a bhí feistithe taobh le tríú hárthach, an 'MFV Olgarry'. Taispeánann píosa scannáin an CCTV íomhánna den Taismeach agus é ag dul suas an geata bordála ón gcé ar thaobh an deasbhoird den 'MFV Olgarry'. Is féidir é a fheiceáil ansin ag dul chun deiridh an bháid agus ag aistriú go bord na sceathraí ar an 'MFV Olgarry' sula n-imíonn sé as radharc taobh thiar den chábán stiúrach. Ní raibh sé le feiceáil arís ar phíosa scannáin an CCTV chun tosaigh an chábáin stiúraigh ná i lár an bháid, áit a raibh geata bordála an 'MV Grip Transporter' feistithe.<br><br>Cuireadh Máistir an Chuain ar a airdeall thart ar 12.30 uair go raibh an Taismeach ar iarraidh. Tar éis dó breathnú ar phíosa scannáin an CCTV, chuaigh Máistir an Chuain i dteagmháil leis an bhFo-Ionad Tarrthála Muirí ag Cionn Mhálanna agus chuaigh siad i dteagmháil le Garda Cósta na gCealla Beaga ag<br>12.51 uair. Seoladh bád an Gharda Chósta ag 13.10 uair agus cuireadh tús le cuardach cladaigh freisin. Ag 13.25 uair, chonacthas corp ar an gcladach ar thaobh thoir an chuain. Tháinig criú cladaigh an Gharda Chósta ar an láthair ag 13.40 uair. Chuir siad glaoch ar na Gardaí i mBéal Átha Seanaidh agus iarradh orthu teacht in éineacht le dochtúir.<br><br>Tugann an fhianaise le fios go ndeachaigh an Taismeach isteach san uisce agus é ag aistriú ón 'MFV Olgarry' ag thart ar 01.00 uair. Bhí an aimsir go dona ag an am agus bhí na hárthaí ag corraí timpeall. |

| Ainm an árthaigh/Teagmhas: **Susanne II/tine agus bá ina dhiaidh sin** | |
|---|---|
| **DÁTA TEAGMHAIS** | 2 Bealtaine 2019 |
| **CINEÁL ÁRTHAIGH** | Árthach iascaireachta, 15 - 24m |
| **CINEÁL TEAGMHAIS** | Tine agus bá |
| **BÁSANNA** | Ceann ar bith |
| **ACHOIMRE** | Bhí árthach iascaireachta stoptha 30 míle farraige thoir ón Inbhear Mór ar 2 Bealtaine 2019 agus bhí an criú ag glacadh sosa idir ghníomhaíochtaí iascaireachtaí nuair a chonaic duine den chriú go raibh deatach ag teacht as gaothaire an tseomra innill. Bhí an aimsir go breá ag an am.<br><br>Chuaigh an Scipéir i mbun fiosraithe le foinse an deataigh a aimsiú agus fuair sé amach gan mhoill go raibh dóiteán tromchúiseach ar siúl i seomra an innill. Rinne sé iarracht an dóiteán a throid ach chuir méid an deataigh srian ar a iarrachtaí. Phlúch an deatach agus an dóiteán cóiríocht agus cábán stiúrach an árthaigh go han-tapa. Fuair an criú an Rada-Rabhchán Éigeandála le haghaidh Taispeáint Suímh (EPIRB) don árthach agus d'fhág siad an long ar inséidteach tarrthála.<br><br>Chonaic árthach slatiascaireachta a bhí ag dul thart an deatach ón árthach iascaireachta a bhí trí thine agus chuaigh sé ina threo sin le dul i mbun fiosraithe. Ar theacht ar an láthair dó, fuair an t-árthach slatiascaireachta an triúr criú óna rafta tarrthála. Tamall beag ina dhiaidh sin, tháinig héileacaptar tarrthála R117 cuardach Ghardaí Cósta na hÉireann agus d'ísligh sé paraimhíochaineoir chun measúnú a dhéanamh ar an gcriú ón árthach iascaireachta. Aistríodh an Scipéir go hOspidéal Ollscoile Phort Láirge san héileacaptar agus díscaoileadh é ina dhiaidh sin. Tógadh an bheirt eile ar an gcriú go dtí Cuan an Inbhir Mhóir.<br><br>Tamall beag ina dhiaidh sin, tháinig tuga ag a bhfuil cumas múchta tine ar an láthair agus thosaigh sé ag dul i ngleic leis an tine ar bord an árthaigh iascaireachta. Lean an t-árthach iascaireachta ag dó agus chuaigh sé chun tóin poill ar deireadh. |

| Ainm an árthaigh/Teagmhas: **FV Ellie Adham/Ros Láir, Contae Loch Garman** | |
|---|---|
| **DÁTA TEAGMHAIS** | 19 Bealtaine 2019. |
| **CINEÁL ÁRTHAIGH** | Árthach iascaireachta, 15 - 24m |
| **CINEÁL TEAGMHAIS** | Bádh duine den chriú agus é dul ar bord an árthaigh |
| **BÁSANNA** | 1 bhás amháin |
| **ACHOIMRE** | Ar 19 Bealtaine 2019, nuair a bhí an criú feistithe ag ullmhú chun an 'MV Stena Nordica' a thabhairt chun cé ag thart ar 03.40 uair, thug siad fear a bhí ag dul thart Beart Uimh. 3 faoi deara. Ba chosúil go raibh sé corrach go leor ar a chosa agus dúirt sé leis an gcriú feistithe go raibh sé ag dul go dtí an 'MFV Ellie Adhamh'. Chonacthas an fear ag dul go dtí beart Uimh. 4, áit a raibh an t-árthach sin feistithe.<br><br>Tháinig an líne dheiridh ón 'MV Stena Nordica' i dtír thart ar 03.55 uair. Chuaigh duine den chriú feistithe ansin le feiceáil an raibh an fear ceart go leor. Agus é ag teacht i bhfoisceacht an 'MFV Ellie Adhamh', chuala sé torann ag teacht ó idir an t-árthach agus balla na cé. Tháinig baill eile den chriú feistithe agus d'aimsigh siad an Taismeach san uisce agus a bhéal faoi.<br><br>Chuaigh an criú feistithe i dteagmháil leis an Rialaitheoir Calafoirt agus chuaigh sé i dteagmháil leis na seirbhísí éigeandála. Sheol an 'MV Stena Nordica' a bhád tarrthála agus thóg siad an Taismeach ón uisce. Thug siad i dtír é ag an Stáisiún Bád Tarrthála ach níor tháinig an Taismeach slán in ainneoin an chúnaimh leighis a fuair sé. |

| Ainm an árthaigh/Teagmhas: **Varken Ege/Medi Mode/imbhualadh** | |
|---|---|
| **DÁTA TEAGMHAIS** | 23 Lúnasa 2019 |
| **CINEÁL ÁRTHAIGH** | Tancaer/luamh seoltóireachta |
| **CINEÁL TEAGMHAIS** | Imbhualadh |
| **BÁSANNA** | Ceann ar bith |
| **ACHOIMRE** | D'fhág árthach seoltóireachta, an 'Medi Mode', an tInbhear Mór Dé Sathairn 22 Lúnasa 2019 ag 10.45 uair. Bhí sé ag déanamh ar Ché na Cille Móire Rinneadh cinneadh dul go dtí Binn Éadair in áit Ché na Cille Móire de bharr na haimsire agus ós rud é go dtiocfaidís i gCé na Cille Móire i rith na hoíche.<br><br>Chonacthas árthach ag dul ó dheas ar an deasbhord chun tosaigh thart ar 02.10 uair ar 23 Lúnasa.<br><br>Thosaigh an tancaer an 'Varkan Ege' a thuras farraige Dé Domhnaigh 23 Lúnasa ag 01.00 uair, nuair a d'fhág sé Calafort Átha Cliath. Bhí siad ag tabhairt aghaidh ar Falmouth. Rianaigh siad cúrsa 161 céim agus bhí siad ag seoladh ag 7.5 mhuirmhíle san uair.<br><br>Ag 02.15, chonaic an t-oifigeach ar faire den 'Varkan Ege' solas dearg ar an deasbhord chun tosaigh agus sheiceáil sé le haghaidh macalla ar an radar. D'aimsigh sé macalla beag agus thuig sé gur mhacalla ó árthach seoltóireachta a bhí ann. Ba é an pointe teachta is gaire (CPA) 0 muirmhíle.<br><br>D'athraigh sé cúrsa go mór i dtreo an deasbhoird. Ag 02.22 uair bhí an dá árthach in aghaidh a chéile. Rinneadh damáiste don árthach seoltóireachta ach níor gortaíodh aon duine. Ní dhearnadh aon damáiste don tancaer an 'Varkan Ege'. Rinneadh damáiste suntasach don árthach seoltóireachta ach bhí sé ábalta na Clocha Liatha a bhaint amach faoina chumhacht féin.<br><br>Níor gortaíodh aon duine agus ní raibh an teagmhas ina chúis le haon truailliú. |

| Ainm an árthaigh/Teagmhas: **Tommy R/bá** | |
|---|---|
| **DÁTA TEAGMHAIS** | 10 Deireadh Fómhair 2019 |
| **CINEÁL ÁRTHAIGH** | Áineasa - Mótarbhád (le deic) |
| **CINEÁL TEAGMHAIS** | Bá |
| **BÁSANNA** | 1 bhás amháin |
| **ACHOIMRE** | Ag thart ar 08.00 uair maidin Dé Céadaoin 9 Deireadh Fómhair, d'fhág an t-árthach áineasa an 'Tommy R' Cuan Dhún Mánais le slatiascaire amháin ar bord. Bhí sé ag dul ag iascaireacht i mBá Dhún Mánais.<br><br>Ag 20.27 uair, tuairiscíodh go raibh an slatiascaire déanach ag teacht ar ais. Go luath ina dhiaidh sin, cuireadh tús le hoibríocht chuardaigh i gceantar Bhá Dhún Mánais.<br><br>Ag 22.59 uair, thángthas ar smionagar báid ar imeallbhord thoir Inis Cairbre agus fuarthas smionagar eile idir Pointe an Driseáin agus sraith góilíní thoir ó Oileán an Aitinn thart ar leithinis Dhún Mánais. Aithníodh gur tháinig an smionagar ón mbád 'Tommy R'. D'aimsigh tumadóirí an tslatiascaire ar an taobh thiar thuaidh d'Inis Cairbre ag 16.19 uair ar 13 Deireadh Fómhair. Tugadh an corp i dtír go dtí Cuan Dhún Mánais. |

| Ainm an árthaigh/Teagmhas: **FV Dillon Owen/dul i dtalamh agus bá** | |
|---|---|
| **DÁTA TEAGMHAIS** | 24 Deireadh Fómhair 2019 |
| **CINEÁL ÁRTHAIGH** | Árthach iascaireachta, 15 – 25 m |
| **CINEÁL TEAGMHAIS** | Dul i dtalamh agus bá |
| **BÁSANNA** | Ceann ar bith |
| **ACHOIMRE** | Ar maidin 23 Deireadh Fómhair 2019, chaill an 'FV Dillon Owen' cumhacht agus é ag teacht i ngiorracht Chuan Ard Ghlais, Tuaisceart Éireann, agus d'imigh an bád le sruth i dtreo na gcarraigeacha ag Phennick Point.<br><br>Aeraistríodh an cúigear criú agus tógadh chun sábháilteachta iad. Níor éirigh le báid tarrthála Institiúid Náisiúnta Ríoga na mBád Tarrthála an t-árthach a tharraingt agus d'fhan an t-árthach ar na carraigeacha ar feitheamh oibríocht tarrthála. Chuaigh an 'FV Dillon Owen' chun tóin poill thar na chéad laethanta eile. Aisghabhadh an bád báite agus seoladh é lena scartáil.<br><br>Níor gortaíodh aon duine den chriú agus ní raibh an teagmhas ina chúis le haon truailliú. |

| Ainm an árthaigh/Teagmhas: **FCadhc/iompú** | |
|---|---|
| **DÁTA TEAGMHAIS** | 2 Samhain 2019 |
| **CINEÁL ÁRTHAIGH** | Áineasa - Bád oscailte/Canú |
| **CINEÁL TEAGMHAIS** | Iompú |
| **BÁSANNA** | 1 bhás amháin |
| **ACHOIMRE** | Ar 2 Samhain 2019, chuaigh buíon 27 cadhcóir síos an abhainn ar Abhainn Chárthaí Uachtarach, Ciarraí. Bhí na cadhcóirí ina mball de chlub cadhc ollscoile agus bhí idir chadhcóirí a bhfuil taithí acu agus chadhcóirí ar thosaitheoirí iad ann. D'éirigh leis an gcéad ghrúpa 9 gcadhcóir dul síos an abhainn.<br><br>Bhí an dara dá ghrúpa ag leanúint sa treo céanna. I dtreo dheireadh an turais, tháinig roinnt cadhcóirí ar chrainn tarchrochta agus d'iompaigh dhá bhád béal fúithi. Chaill an chéad duine a gcéasla agus bhí siad sáinnithe bunoscionn ina gcadhc. Thóg na daoine eile sa ghrúpa an duine sin i dtír go tapa agus athbheodh iad.<br><br>Ag an am céanna, d'fhág cadhcóir eile a bád agus sháinnigh an sruth í faoi chraobh tarchrochta. Rinne daoine den ghrúpa iarracht í a scaoileadh. Bhí mothú fós inti ach tar éis thart ar 20 nóiméad chaill sí an mothú mar gheall ar an bhfuacht.<br><br>Scaoileadh an Taismeach agus tugadh i dtír í, ach ní raibh aon chomharthaí beatha le brath uirthi. Cuireadh tús le hathbheochan. Aeraistríodh an Taismeach go dtí ospidéal, áit a bhfuair sí bás. |

# Sonraí maidir le Réamhimscrúduithe ar Thug an BITM fúthu in 2019

| Ainm an árthaigh/Teagmhas: **Isle of Inishmore/bás ar bord** | |
|---|---|
| **DÁTA TEAGMHAIS** | 21 Márta 2019 |
| **CINEÁL ÁRTHAIGH** | Króó Idirnáisiúnta |
| **CINEÁL TEAGMHAIS** | Bás ar bord |
| **BÁSANNA** | 1 bhás amháin |
| **ACHOIMRE** | Feidhmíonn an 'Isle of Inishmore' seirbhís farantóireachta idir Calafort Ros Láir agus Pembroke Dock agus tá sé cláraithe faoi bhrat na Cipire.<br><br>Tháinig an t-árthach go dtí Cuan Ros Láir ag 06.46 uair ar 21 Márta 2019 agus bhí sé i mbun lódála. Ag thart ar 07.45 uair, brúdh ball den chriú chun báis idir dhá aonad leantóra ar Dheic 3 den árthach.<br><br>D'fhógair na paraimhíochaineoirí ar an láthair go raibh an Taismeach marbh.<br><br>Thug an BITM faoi réamhimscrúdú ar an teagmhas sin agus thug údaráis na Cipire faoin imscrúdú iomlán mar is í sin an stát brataí. Féach an nasc thíos le haghaidh tuarascáil deiridh. https://maritimecyprus.files.wordpress.com/2020/03/maic-acc-inv- report_isle-of-inishmore.pdf |

| Ainm an árthaigh/Teagmhas: **MV Bakkedal/pléascadh** | |
|---|---|
| **DÁTA TEAGMHAIS** | 18 Márta 2019 |
| **CINEÁL ÁRTHAIGH** | Tancaer |
| **CINEÁL TEAGMHAIS** | Pléascadh |
| **BÁSANNA** | Ceann ar bith |
| **ACHOIMRE** | Ar 18 Márta 2019, bhí an t-árthach lastais/tancaer 'Bakkedal' ag dílódáil moláis ó umar Uimh. 2 agus umar Uimh. 4 ag beart 46 i gCalafort Átha Cliath. Ag 06.00 uair, cuireadh gal uisce ar an téitheoir d'umar Uimh. 4 chun an teocht a ardú. Casadh as an gal uisce d'umar Uimh. 2 agus umar Uimh. 6. Ag 06:30 uair, phléasc an téitheoir lastais d'umar Uimh. 2, bhain an pléascadh an clúdach den umar, rinneadh damáiste don phíbobair in aice láimhe agus spraeáladh an molás ar na struchtúir thart air agus ar an deic.<br><br>Stopadh ag dílódáil an lastais agus coinníodh an lastas a doirteadh ar bord.<br><br>Ní raibh aon bhall den chriú gar don téitheoir a phléasc agus níor gortaíodh aon duine ar bord.<br><br>Tá an t-árthach cláraithe faoi brat Oileáin Marshall. Thug an BITM faoi réamhimscrúdú ar an teagmhas sin agus thug údaráis Oileáin Marshall faoin imscrúdú iomlán mar is í sin an stát brataí. Ba é tátal an imscrúdaithe stáit iomláin go raibh pleanáil neamhleor roimh an tasc, measúnú neamhleor ar ghuaiseacha, glanadh/cothabháil neamhleor an spáis agus maoirseacht neamhleor ina gcúiseanna díreacha leis an teagmhas. Tugadh faoi beart coisctheach chun aghaidh a thabhairt ar na ceachtanna a foghlamaíodh an Bord agus moladh go roinnfí na ceachtanna leis an bhflít a bhainistíonn an Chuideachta. |

# Achoimre ar thuarascálacha a foilsíodh in 2019

1 Eanáir go 31 Nollaig 2019

| Ainm an árthaigh/Teagmhas: **Málainn Bhig, Contae Dhún na nGall** | |
|---|---|
| **DÁTA FOILSEACHÁIN** | 14 Feabhra 2019 |
| **CINEÁL ÁRTHAIGH** | Árthach áineasa - Mótarárthach Gasta/RIB |
| **CINEÁL TEAGMHAIS** | Fir thar bord |
| **ACHOIMRE** | Thart ar mheán lae ar 8 Iúil 2017, chuaigh beirt fhear ar thuras slatiascaireachta i mbád righin inséidte (RIB) ó Ché Theilinn gar do Rann na Cille i gContae Dhún na nGall. Chuaigh bádóir áitiúil iad ag fágáil.<br><br>Ag 12.40 uair, chonaic an bádóir an RIB ar farraigh agus ba chosúil go raibh an bheirt sa RIB ag iascaireacht le slat agus ríl. Ní dhearnadh teagmháil leis na fir sa RIB arís.<br><br>Ag thart ar 10.30 uair an mhaidin dár gcionn, d'aimsigh fear a bhfuil cónaí ar gar do Mhálainn Bhig corp ar an gcladach gar dá thalamh. Tamall beag i ndiaidh 11.00 uair, thug an bádóir a chonaic iad an lá roimhe faoi deara go raibh a gcarr fós páirceáilte ag Cé Theilinn agus bhí sé buartha faoina sábháilteacht. Chuaigh sé i dteagmháil leis an nGarda Cósta le hiad a chur ar a n-airdeall. Cuireadh tús le cuardach agus cuireadh de chúram ar roinnt bád tarrthála, aonaid an Gharda Chósta agus héileacaptar an Gharda Chósta R118 cuardach a dhéanamh sa cheantar thart ar Mhálainn Bhig. Tamall beag ina dhiaidh sin, tógadh corp an dara fear ón bhfarraige thart ar 400 méadar (m) ón áit ar aimsíodh an chéad Taismeach. Thángthas ar an RIB agus smionagar ar an gcladach cóngarach don áit ar aimsíodh an chéad Taismeach. |
| **IGORTUITHE/BÁSANNA** | 2 bhás |
| **CÚIS AN TEAGMHAIS** | Níor chonaic aon duine an teagmhas a bhí ina chúis leis na daoine an bád a fhágáil agus a bhá. Ón bhfianaise atá ar fáil, is cosúil gur shlatiascairí amaitéaracha iad an bheirt fhear.<br><br>Is léir ó na ráitis finné go raibh deacrachtaí ag an gcriú leis an inneall transaim. Bhí gaoth aniar ann agus bhí an t-árthach ar chladach ar thaobh an fhoscaidh. Ní raibh ancaire ag an árthach agus níorbh fhéidir brath ar an inneall. Rachadh árthach den chineál sin i sáinn go tapa.<br><br>Is dócha, i bhfianaise an mhéid thuasluaite, gur imigh an t-árthach le sruth i gceantar a raibh tonnta ann. B'fhéidir gur bádh an t-árthach nó gur iompaigh sí béal fúithi agus gur caitheadh an bheirt thar bord. |

| Ainm an árthaigh/Teagmhas: **FV Julie Eleanor** | |
|---|---|
| **DÁTA FOILSEACHÁIN** | 3 Bealtaine 2019. |
| **CINEÁL ÁRTHAIGH** | Árthach iascaireachta < 15 m |
| **CINEÁL TEAGMHAIS** | Duine i bhfarraige |
| **ACHOIMRE** | Ar 22 Samhain 2017 ag 12.22 uair, d'fhág an t-árthach iascaireachta 'FV Julie Eleanor' agus bhí iascaire amháin ar bord. Ag 21.46 uair ar 22 Samhain, fuair an Garda Cósta glao gutháin a thuairiscigh go raibh an t-árthach déanach ag teacht ar ais. Ag 23.15 uair, d'aimsigh an héileacaptar Cuardaigh agus Tarrthála an t-árthach 1.2 míle thoir theas de Bhearna, áit a raibh sé ceangailte go daingean le líne potaí. Chuaigh criú bhád tarrthála na Gaillimhe ar bord an árthaigh ag 23.21 uair agus níor aimsigh siad duine ar bith ar bord. Aimsíodh an t-aon ghaireas snámhachta pearsanta a bhí ag an árthach sa chábán stiúrach ina dhiaidh sin. Cuireadh stop leis an gcuardach ag 01.33 uair ar 23 Samhain agus cuireadh tús leis arís le breacadh an lae. Fuarthas corp an iascaire thart ar mheán lae tuairim is cúig mhíle thoir ón áit ar aimsíodh an t-árthach. |
| **IGORTUITHE/BÁSANNA** | 1 bhás amháin |
| **CÚIS AN TEAGMHAIS** | Ní furasta a aithint cad a bhí ina chúis leis an Taismeach dul thar bord. Níorbh fhéidir fháil amach cad a chuir isteach ar chur i bhfearas na dara líne potaí.<br><br>Bhí duan an bháid ar bord agus tugann sé le fios nach raibh an Taismeach ag iarraidh potaí nó línte a bhí in aimhréidh mar rachadh sé sin thar bord freisin dá mbeadh sé ag déanamh sin. Anuas air sin, bhí an t-inneall agus an stiúradh ag oibriú mar is ceart nuair a tógadh an t-árthach go dtí dugaí na Gaillimhe. Tugann sé sin le fios nach raibh an lián ná an stiúir in achrann agus nach mbeadh sé ag iarraidh fadhb mar sin a cheartú.<br><br>Ní raibh an aimsir ar farraige go dona ag an am, mar sin ní dócha gur thit an Taismeach thar bord dá bharr. |

| Ainm an árthaigh/Teagmhas: **FV Ashling Patrick** | |
|---|---|
| **DÁTA FOILSEACHÁIN** | 14 Meitheamh 2019. |
| **CINEÁL ÁRTHAIGH** | Árthach iascaireachta 15 m |
| **CINEÁL TEAGMHAIS** | Bá le huisce |
| **ACHOIMRE** | Ar 10 Aibreán 2018 ag thart ar 07.00 uair, d'fhág an 'FV Aisling Patrick' An Baile Glas, Contae Mhaigh Eo le triúr ar bord le dul ag iascaireacht ronnach idir Ceann Iorrais agus Oileán sa Tuaidh.<br><br>Ag thart ar 12.30 uair, thosaigh an t-árthach ag luí ar a dheasbhord. Chuaigh an Scipéir isteach sa chábán stiúrach agus laghdaíodh an luas le cúis an liosta a fháil amach. Bhuail tonn an t-árthach ar chúl an chlébhoird agus brúdh gunail an deasbhoird faoin uisce. Bádh an deic. Bhuail tonn eile an clébhord beagnach láithreach agus d'iompaigh an t-árthach béal faoi.<br><br>Bhí tús curtha le teachtaireacht mayday ag an Scipéir tar éis na chéad toinne ach ní raibh sé críochnaithe aige nuair a bhuail an dara tonn agus d'iompaigh an t-árthach béal faoi. Shnámh sé amach ó faoi bhun an árthaigh iompaithe. Caitheadh an bheirt eile sa chriú san uisce. Tháinig an rafta tarrthála amach ó faoi bhun an árthaigh agus tháinig sé ar barr uisce. Chuir duine den chriú aer inti agus dhreap sé ar bord. Chaith sé fiondar mór i dtreo an Scipéara. Bhí an tríú duine den chriú san uisce agus a bhéal faoi. Ní dhearna sé aon iarracht snámh ná fanacht ar barr uisce. Bhí duine amháin den chriú sa rafta tarrthála agus bhí an bheirt eile ag imeacht le sruth. |
| **IGORTUITHE/BÁSANNA** | 1 bhás amháin |
| **CÚIS AN TEAGMHAIS** | Ní rabhthas ábalta an chúis a bhí leis an iompú a fháil amach go cinnte, ach is cosúil gur tháinig laghdú ar seasmhacht an árthaigh mar gheall gur thóg an t-árthach uisce ar bord agus d'iompaigh sé béal faoi mar gheall ar an bhfarraige.<br><br>Aithníodh dhá áit, ar a laghad, arbh fhéidir uisce teacht isteach tríothu ar dheasbhord an árthaigh. Ar na háiteanna a aithníodh, bhí an iliomad ceangal idir an fuaraitheoir ola agus pumpa uisce deice. Áit eile arbh fhéidir le huisce teacht isteach ná scoilt sa deic ag dul go dtí an urrann chun deireadh an deasbhoird.<br><br>Níor thug na córais aláraim ruma rabhadh luath gur tháinig uisce isteach in aon cheann den dá urrann. Tugann sé sin le fios nár coinníodh an t-árthach i gcomhréir leis an gCód Cleachtais d'árthaí iascaireachta níos lú ná 15 m LOA de réir mar a cheanglaítear faoi Mhír 1.5.4.2 sa Chód.<br><br>D'fhéadfadh na riachtanais atá leagtha amach i Míreanna 2.17, 2.18 agus 4.3.2 agus Aguisín 7 den Chód Cleachtais a bheith níos fearr dá ndéanfaí cur síos níos mionsonraithe chun tacú le húinéirí a chinntiú go suiteáiltear pumpa ruma éifeachtach agus go ndéantar cothabháil air.<br><br>Ba í an chúis ba dhóchúla nár thosaigh an Rada-Rabhchán Éigeandála le haghaidh Taispeáint Suímh (EPIRB) ná nár thum a scaoilteoir hidreastatach go dtí 4 mhéadar.<br><br>Chuirfí an teachtaireacht ghuaise i gcrích dá seolfaí go digiteach í ach an chnaipe DSC a ghníomhachtú ar an VHF.<br><br>Mar gheall nach raibh aon oiliúint oibríochta fhoirmiúil ag an gcriú, leanadh drochnósanna imeachta oibríochta agus glacadh bearta míchearta i gcás éigeandála.<br><br>As na deich bhfachtóir is mó a chuireann le bás daoine ar farraige in Éirinn, de réir mar a d'aithin an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt iad, bhí na trí cinn seo a leanas ag baint leis an teagmhas sin:<br>• An gá le cultúr sábháilteachta muirí níos fearr.<br>• Easpa oiliúna i measc an chriú.<br>• Gan gaireas snámhachta pearsanta (seaicéad tarrthála/áis snámhachta) a chaitheamh. |

| Ainm an árthaigh/Teagmhas: **An tSiúir, Contae Thiobraid Árann** | |
|---|---|
| **DÁTA FOILSEACHÁIN** | 17 Iúil 2019 |
| **CINEÁL ÁRTHAIGH** | Árthach Áineasa – Bád Oscailte/Canú |
| **CINEÁL TEAGMHAIS** | Bá |
| **ACHOIMRE** | Ar maidin 11 Samhain 2017, bhí grúpa daoine i mbun cadhcála gar do Chaisleán na Cathrach, Contae Thiobraid Árann. D'iompaigh canú duine amháin den ghrúpa béal fúithi agus é ag dul trí chora (bualchomhla) agus chuaigh sé san uisce. Ní raibh sé ábalta áit shábháilte a bhaint amach agus chuaigh sé 4.18 ciliméadar (kms) síos an abhainn ar barr uisce, áit ar thóg na seirbhísí tarrthála amach as an uisce é. Tugadh garchabhair dó ach níor oibrigh sé. |
| **IGORTUITHE/BÁSANNA** | 1 bhás amháin |
| **CÚIS AN TEAGMHAIS** | Sula ndeachthas tríd an gcora, ní dhearnadh aon mheasúnú riosca taifeadta agus ní raibh aon phlean ar bun sa chás go dtarlódh teagmhas.<br><br>Ní raibh an Taismeach ag caitheamh gaireas snámhachta pearsanta nuair a tógadh as an abhainn é. Bhí sé ag caitheamh gaireas den chineál sin sula ndeachaigh sé tríd an gcora. Mar sin, bhain an taismeach de é, sin nó chaill sé é idir tráth an teagmhais agus tráth an aimsithe. |

| Ainm an árthaigh/Teagmhas: **FV Beal Sruthan** | |
|---|---|
| **DÁTA FOILSEACHÁIN** | 6 Meán Fómhair 2019 |
| **CINEÁL ÁRTHAIGH** | Árthach Áineasa - Mótarbhád (le deic) |
| **CINEÁL TEAGMHAIS** | Bá |
| **ACHOIMRE** | Ar 23 Bealtaine 2018, d'fhág an Taismeach, a bhí ag oibriú bád oscailte 21 troigh, áit anaithnid gar don Chlochán – creidtear gur ché gar don bhaile fearainn Cúl an Chlaí, Contae na Gaillimhe a d'fhág sé – chun tosú ag cur potaí gliomach síos. A thríú turas den lá a bhí ann agus d'fhág sé go déanach sa tráthnóna.<br><br>Tar éis uair amháin, chuaigh sé i dteagmháil le cara ar a ghuthán póca le cur in iúl dó go raibh sé ag tógáil uisce agus go raibh sé i sáinn. Cuireadh na seirbhísí éigeandála ar an eolas agus d'fhág siad stáisiún Institiúid Náisiúnta Ríoga na mBád Tarrthála (RNLI) sa Chlochán. Bhí a fhios acu go garbh cá raibh sé. Seoladh héileacaptar Ghardaí Cósta na hÉireann freisin. Bhí na seirbhísí éigeandála ar an láthair tar éis thart ar 25 nóiméad. Tamall beag ina dhiaidh sin, chonaic an héileacaptar corp san uisce agus treoraíodh an bád RNLI ina threo. Tógadh an corp ón uisce agus tugadh i dtír é ag an mbealach isteach go Cuan an Chlocháin. |
| **IGORTUITHE/BÁSANNA** | 1 bhás amháin |
| **CÚIS AN TEAGMHAIS** | Ní bhfuarthas amach cúis an teagmhais go díreach.<br><br>Rinneadh mionathruithe ar an árthach agus d'fhéadfadh sé sin cur lena bhá.<br><br>Ba é an t-aon fhearas tarrthála a fuarthas ar bord na baoi tarrthála neamhcheadaithe a ceanglaíodh leis an árthach le ceangail chábla, a bhí lán le huisce agus nach raibh úsáid ar bith aige i gcás éigeandála.<br><br>Níor chomhlíon an t-árthach an Cód Cleachtais d'Árthaí Iascaireachta Beaga nó an Cód Cleachtais d'Árthaí Áineasa a chlúdaíonn riachtanais maidir le hiascaireacht áineasa. Sa chás sin, níor chomhlíon an t-árthach ceachtar den dá shraith riachtanas. |

| Ainm an árthaigh/Teagmhas: **Cé Chuan Onna, Contae Chiarraí** | |
|---|---|
| **DÁTA FOILSEACHÁIN** | 12 Meán Fómhair 2019 |
| **CINEÁL ÁRTHAIGH** | Árthach áineasa - Mótarárthach Gasta/RIB |
| **CINEÁL TEAGMHAIS** | Bá le huisce |
| **ACHOIMRE** | Ar 30 Meán Fómhair 2018 ag thart ar 08.30 uair, d'fhág luasbhád áineasa Cé Chuan Onna, Contae Chiarraí agus bhí triúr ar bord. Sheol an t-árthach amach as an gcuan agus chuaigh sé siar le hiascaireacht a dhéanamh le slata i mBá an Daingin<br><br>Ag thart ar 18.00 uair, chonaic duine den phobal ceann an bháid ag an mbealach isteach chuig Cuan Onna agus tamall beag ina dhiaidh sin chonaic an duine sin duine san uisce níos gaire don ché. Chuir an duine den phobal an Garda Cósta ar an eolas agus cuireadh de chúram ar héileacaptar cuardaigh agus tarrthála agus bád tarrthála Dhairbhre dul i mbun cuardaigh. Fuair an héileacaptar trí chorp as an uisce. Fuarthas smionagar an bháid an chéad lá eile. |
| **IGORTUITHE/BÁSANNA** | 3 bhás |
| **CÚIS AN TEAGMHAIS** | Tá ceithre phríomhfhachtóir ann agus is dócha go raibh siad ina gcúis leis an teagmhas, agus lena thoradh, i gcomhar le chéile:<br><br>1. Dearadh agus tógáil an bháid.<br><br>2. Gan pleanáil a dhéanamh don turas ná do chásanna éigeandála.<br><br>3. Gan tuiscint a fháil ar shrianta an bháid.<br><br>4. Alcól a ól ag beirt den triúr criú.<br><br>Nuair a chonacthas an bád den chéad uair, bhí an deireadh faoin uisce agus bhí an ceann dírithe in airde. Tugann sé sin le fios gur bádh an bád ón taobh thiar. Mar sin, líonadh an poll stiúrtha le huisce go tapa agus caitheadh an criú san fharraige. |

| Ainm an árthaigh/Teagmhas: **An Ruachtach, Contae Chiarraí** | |
|---|---|
| **DÁTA FOILSEACHÁIN** | 25 Meán Fómhair 2019 |
| **CINEÁL ÁRTHAIGH** | Áineasa - Bás Oscailt/Canú |
| **CINEÁL TEAGMHAIS** | Iompú |
| **ACHOIMRE** | Ar maidin 4 Lúnasa Samhain 2018, chuaigh buíon cúig chadhcóir a bhfuil taithí acu síos an abhainn An Ruachtach i gContae Chiarraí.<br><br>Bhí a fhios ag na cadhcóirí go raibh lomán san uisce agus go raibh sé sa bhealach thart ar 2.5 km síos an abhainn. Bheartaigh siad an príomhshruth a fhágáil roimh an titim, áit a raibh an lomán go díreach ina diaidh, ach casadh isteach i gcainéal tánaisteach. Chas an chéad trí chadhcóir isteach agus thug siad a gcadhcanna i dtír agus d'fhan siad ar an mbeirt eile. Nuair a bhí an ceathrú cadhcóir ag teacht i ngiorracht an chainéil thánaistigh, d'iompaigh an cadhc béal faoi agus chuaigh an cadhcóir san uisce. D'iarr duine den chéad trí chadhcóir greim a fháil ar an gcadhc agus an duine san uisce, ach chuaigh an duine síos an titim agus chuaigh sí faoin lomán. Tháinig an cúigiú cadhcóir agus thug sé a bhád i dtír agus d'iarr na ceithre chadhcóir an duine a scaoileadh ach ní raibh siad ábalta. Bhí ceann an Taismigh faoin uisce ag an bpointe sin.<br><br>Chuaigh duine amháin go dtí an bóthar agus fuair sé guthán póca ar iasacht le glao a chur ar na seirbhísí éigeandála. Nuair a tháinig na seirbhísí éigeandála, rinneadh iarracht an lomán a bhogadh agus tar éis uair go leith baineadh an lomán. Scaoileadh an Taismeach agus tugadh i dtír í. Ansin, thug dochtúir ón tseirbhís otharchairr aire di agus fógraíodh go raibh sí marbh. |
| **IGORTUITHE/BÁSANNA** | 1 bhás amháin |
| **CÚIS AN TEAGMHAIS** | Tharla an teagmhas mar bhrúigh cadhc an Taismigh carraig agus d'iompaigh sé béal faoi agus í ag casadh in aghaidh an tsrutha.<br><br>Is minic a iompaíonn cadhcanna béal fúthu agus de ghnáth bíonn cadhcóir oilte ag a bhfuil taithí ábalta iad féin a dhíriú lena gcéasla. Ach bhí an cadhc in uisce éadomhain an uair sin. Is dóchúil gur fhág an Taismeach an bád de thaisme agus ní raibh sí ábalta greim a choinneáil ar an mbád ná éirí suas ar a cosa. Chuaigh sí amach i bpríomhshruth an uisce agus níor chuir sí cos ar leaba na habhann agus scuabadh síos an abhainn í thar an titim agus isteach faoin lomán. |


# Comparáidí idir Taismí Muirí ó 2010 - 2019

| An Cineál Árthaigh | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Longa/Árthaí Paisinéara** | | | | | | | | | | |
| Róró Idirnáisiúnta | | | | | | | 10 ngortús | 1 Bhás | | |
| Intíre | | | 1 Bhás | | | | 2 ghortú | | | |
| Árthach Paisinéirí | | | | | | | 1 Bhás<br>1 Ghortú | | | |
| **Fo-iomlán** | **Ceann ar bith** | **Ceann ar bith** | **1 Bhás** | **Ceann ar bith** | **Ceann ar bith** | **Ceann ar bith** | **1 Bhásy 13 ghortú** | **1 Bhás** | **Ceann ar bith** | **Ceann ar bith** |
| **Longa Lastais** | | | | | | | | | | |
| Longa Lastais Ginearálta | | | | | | | | | | |
| Lastas Róró | | | | | | | | | | |
| Tancaer | | | | | | | | | | |
| Olliomróir | | | | | | | | | | |
| Long Choimeádán | | | | | | | | | 1 Bhás | |
| Iompróir Carranna | | | | | | | | | | |
| Bád Oibre Píolóta/Báirse | | | | | | | | | | |
| Iompróir Tromualaí | | | | | | | | | | |
| **Fo-iomlán** | **Ceann ar bith** | **Ceann ar bith** | **Ceann ar bith** | **Ceann ar bith** | **Ceann ar bith** | **Ceann ar bith** | **Ceann ar bith** | **Ceann ar bith** | **1 Bhás** | **Ceann ar bith** |
| **Árthaí Iascaireachta** | | | | | | | | | | |
| < 15 mhéadar | 2 Bhás | 4 Bhás | 4 Bhás/<br>1 Ghortú | 2 Bhás | 1 Bhás | 1 Bhás | 2 Bhás | 2 Bhás | 2 Bhás | |
| 15 - 24 méadar | 1 Bhás/<br>1 Ghortú | | 5 Bhás/<br>1 Ghortú | 3 Bhás | | | | | | 1 Bhás |
| > 24 mhéadar | | 1 Bhás | | | | 2 Bhás | 2 Bhás | | | 1 Bhás |
| **Fo-iomlán** | **3 Bhás/<br>1 Ghortú** | **5 Bhás** | **9 Bhás/<br>2 ghortú** | **5 Bhás** | **1 Bhás** | **3 Bhás** | **4 Bhás** | **2 Bhás** | **2 Bhás** | **2 Bhás** |
| **Árthaí Áineasa** | | | | | | | | | | |
| Feithiclí Scairdsciála | | | | | | | | | | |
| Báid Oscailte/Canúnna | 8 Bhás | 1 Bhás | 3 Bhás | 1 Bhás | 3 Bhás/<br>1 Ghortú | | 1 Ghortú /<br>1 Ghortú | 1 Bhás | 1 Bhás | 3 Bhás/<br>1 Ghortú |
| Mótarbhád (le deic) | 5 Bhás/<br>1 Ghortú | | | | | 2 Bhás | 3 Bhás | | 1 Bhás | 1 Bhás |
| Báid seoil | | | 1 Bhás | | 1 Bhás | | | | | |
| Mótarárthach Gasta/RIB | 2 Bhás<br>2 ghortú | 1 Bhás | 1 Bhás | | | | | 2 Bhás | 3 Bhás | |
| **Fo-iomlán** | **15 Bhás/<br>3 ghortú** | **2 Bhás** | **5 Bhás/** | **1 Bhás** | **4 Bhás/<br>1 Ghortú** | **2 Bhás** | **4 Bhás/<br>1 Ghortú** | **3 Bhás** | **5 Bhás** | **4 Bhás<br>1 Ghortú** |
| **Iomlán Teagmhas** | **17** | **13** | **17** | **6** | **7** | **7** | **15** | **5** | **6** | **10** |
| **Iomlán Básanna** | **18** | **7** | **15** | **6** | **5** | **5** | **9** | **6** | **8** | **6** |
| **Iomlán Gortuithe** | **4** | **0** | **2** | **0** | **1** | **0** | **14** | **0** | **0** | **1** |
| **Líon iomlán árthach i gceist** | **18** | **12*** | **18** | **6** | **7** | **7** | **15** | **5** | **6** | **11** |


Ní áiríonn an figiúr seo an teagmhas ag Ceann Chlochair sa bhliain 2011 a raibh líon mór cadhcanna agus leanaí i gceist leis.

# Treochtaí maidir le Básanna ó 2010 - 2019


## Longa/Árthaí Paisinéirí





## Long Lastais




## Líon básanna




## Árthaí Áineasa



# Aguisín A

Bhreithnigh BITM na teagmhais atá leagtha amach thíos ach níor imscrúdaíodh iad. I gcás cuid de na teagmhais seo, bhí comhoibriú le stáit bhrataí eile i gceist leo nó uaslódáladh sonraí tábhachtach ina leith chuig an Ardán Eorpach maidir le hImscrúdú Taismí Muirí (EMCIP).

| Dáta | Ainm Árthaigh | Sonraí an Teagmhais |
|---|---|---|
| MCIB/13/318 | MFV Kapitan Nazin | 08.02.19 |
| MCIB/13/319 | FV Galiana Segundo | 13.02.19 |
| MCIB/13/320 | Bro Developer | 07.02.19 |
| MCIB/13/317 | FV Glenravel | 08.02.19 |
| MCIB/13/321 | MV Mirror | 29.03.19 |
| MCIB/13/322 | W.B.Yeats | 30.03.19 |
| MCIB/13/323 | MV Laureline | 05.04.19 |
| MCIB/13/324 | MV Arklow Muse | 05.04.19 |
| MCIB/13/325 | MV Zea Gold | 13.04.19 |
| MCIB/13/326 | Fenit RNLI ALB | 13.04.19 |
| MCIB/13/327 | Arklow Day | 03.05.19 |
| MCIB/13/328 | MFV Flowing Tide | 08.05.19 |
| MCIB/13/329 | FV Jimmy | 21.05.19 |
| MCIB/13/330 | Loa Zour | 06.06.19 |
| MCIB/13/331 | FV ASPIN | 08.06.19 |
| MCIB/13/332 | Isle of Inishmore | 11.08.19 |
| MCIB/13/333 | Arklow Dale | 20.08.19 |
| MCIB/13/334 | FV Kirrixki/MV Hua Sheng Hai | 12.10.19 |
| MCIB/13/335 | Stena Europe | 29.10.19 |
| MCIB/13/336 | Granuaile | 31.10.19 |
| MCIB/13/337 | FV Sean Og/Atlantic Sea collision | 02.11.19 |
| MCIB/13/338 | Corona Gloria | 18.11.19 |
| MCIB/13/339 | Rio Da Bouza | 24.11.19 |
| MCIB/13/340 | Arklow Day | 09.12.19 |
| MCIB/13/341 | Séan Óg | 15.12.19 |
| MCIB/13/342 | Arklow Fortune | 19.12.19 |

# Aguisín B

I gcomhréir le hAlt 16(4) den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000, leagtar amach thíos ainmneacha na sainchomhairleoirí agus na ndaoine a d'fhostaigh an BITM le linn 2019.

| |
|---|
| Focus Advertising (Seirbhísí priontála) |
| McKeever, Rowan Solicitors (Comhairleoirí dlí) |
| Moore Accountants (Seirbhísí cuntasaíochta) |
| BH Consulting Ltd (comhairle maidir le GDPR) |
| Granite Digital (Cothabháil an tsuímh ghréasáin) |
| The Governance Company (Seirbhísí measúnaithe boird) |

| **Imscrúdaitheoirí** |
|---|
| Ronan Carroll |
| Bill Clear |
| Eugene Curry, Curry Marine |
| Frank Jackson, Jackson Marine |
| John Garvan Meehan |
| Derek Potter |
| Robert Scarrott, Scarrott Marine |

# Ráitis Airgeadais
2019

MCIB
Marine Casualty Investigation Board
*Bord Imscrúdú Taismí Muirí*

An Tréimhse Tuairiscithe – 1 Eanáir go 31 Nollaig 2019

# Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird | 29 |
| Ráiteas ar Rialú Inmheánach | 33 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 36 |
| Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta | 38 |
| Ráiteas ar Staid an Airgeadais | 39 |
| Ráiteas ar Shreafaí Airgid Thirim | 40 |
| Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais din bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019 | 41 |

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

## Príomhghníomhaíochtaí

Ba é a bhí i bpríomhghníomhaíocht na heagraíochta i gcónaí ná imscrúduithe a dhéanamh ar thaismí muirí a tharlaíonn do shoithí, nó ar bord soithí, atá cláraithe in Éirinn agus a tharlaíonn do shoithí eile in uiscí teorann agus uiscebhealaí intíre na hÉireann.

## Rialachas

Bunaíodh Bord an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí (MCIB) faoi Alt 7(1) den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in Acht 2000 agus i Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Loingeas Ceannaíochta) (Imscrúdú Tionóiscí) 2011. Tá an Bord cuntasach don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus tá freagracht air i ndáil le dea-rialachas a áirithiú agus comhlíonann sé an cúram sin trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus trí chinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach saincheist thábhachtach ghnó. Tá freagracht ar Chomhaltaí an Bhoird agus ar Rúnaíocht don Bhord i ndáil le BITM a bhainistiú, a rialú agus a stiúradh ó lá go lá.

## Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach sa Chód Iompair agus cuimsíonn an cód sin na nithe atá forchoimeádta go sonrach lena gcinneadh ag an mBord. I measc na míreanna buana a ndéanann an Bord plé orthu, tá:

- dearbhú leasanna,
- clár rioscaí,
- tuairiscí airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- tuarascálacha imscrúdaithe.

Le hAlt 20(1) den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000, ceanglaítear ar Bhord an BITM gnáthchuntais chuí maidir le hairgead a fhaigheann sé agus a chaitheann sé a choimeád i cibé foirm a cheadóidh an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Le linn na ráitis airgeadais seo a ullmhú, tá sé de cheangal ar Bhord an BITM an méid seo a leanas a dhéanamh:

- beartais oiriúnacha cuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin réasúnta agus stuama a dhéanamh,
- na ráitis airgeadais a réiteach ar bhonn gnóthas leantach, mura bhfuil míchuí a mheas go leanfaidh sé de bheith ag oibriú, agus
- a lua cibé acu ar cloíodh nó nár cloíodh le caighdeáin infheidhme chuntasaíochta, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá freagracht ar an mBord i ndáil le taifid chuntasaíochta dhóthanacha a choimeád ar taifid iad ina ndéantar a staid airgeadais a nochtadh go réasúnta cruinn aon tráth áirithe agus lena gcumasaítear dó a chinntiú go gcomhlíonann

na ráitis airgeadais Alt 20(1) den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000. Tá freagracht ar mBord as cothabháil agus iomláine na faisnéise corparáidí agus na faisnéise airgeadais ar láithreán gréasáin an BITM. I gcomhréir le hAlt 16(4) den Acht, foilsítear ainmneacha na ndaoine a fhostaíonn an BITM le linn 2019 sa Tuarascáil Bhliantúil.

Tá freagracht ar an Roinn Iompair, Turasóireachta & Spóirt (RITS) as an mbuiséad bliantúil a leithroinnt. Leagann an BITM a chaiteachas amach don RITS ag tús na bliana. De bharr chineál na hoibre a dhéanann BITM, ní bhíonn an Bord in ann pleanáil ná buiséadú a dhéanamh go cinnte don bhliain atá le teacht. Mar thoradh air sin, níor úsáid an Bord buiséad mar chomparáid le haghaidh an athbhreithnithe ar fheidhmíocht an BITM sa bhliain 2019.

Tá freagracht ar an mBord freisin as a chuid sócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, i ndáil le bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugann ráitis BITM léargas fíorcheart cóir ar an bhfeidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an BITM ar an 31 Nollaig 2019.

## Implementation

Le hAlt 1.19 den *Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú* ("an Cód"), ceanglaítear ar lucht bainistíochta gach comhlachta Stáit tacú leis an straitéis a chur i bhfeidhm trí bhíthin timthriall bliantúil pleanála agus buiséadaithe. Tá sé de cheangal ar Bhoird comhlachtaí Stáit plean bliantúil agus/nó buiséad bliantúil a cheadú agus measúnú foirmiúil a dhéanamh, ar bhonn bliantúil, ar fheidhmíocht agus sin a dhéanamh trí thagairt don phlean agus/nó don bhuiséad. De bharr chineál na hoibre a dhéanann an BITM, is é sin imscrúdú a dhéanamh ar thaismí muirí a tharlaíonn do shoithí, nó ar bord soithí, atá cláraithe in Éirinn agus a tharlaíonn do shoithí eile in uiscí teorann agus uiscebhealaí intíre na hÉireann, ní féidir leis an mBord pleanáil ná buiséadú a dhéanamh go cinnte don bhliain atá le teacht.

## Struchtúr an Bhoird

Cuimsíonn an Bord Cathaoirleach, Leas-Chathaoirleach agus triúr gnáthchomhaltaí. De réir an Achta Loingis Cheannaíochta 2000, tá sé de cheangal ar Phríomh-Shuirbhéir na RITS suí ar an mBord. Tá sé de cheangal ar Ard-Rúnaí na RITS freisin, nó a ainmní, suí ar an mBord faoin Acht sin. Ceapann an tAire an Cathaoirleach, an Leas-Chathaoirleach agus na comhaltaí eile den Bhord tar éis próiseas earcaíochta iomaíoch a dhéanann an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí go neamhspleách chun iarrthóirí féideartha oiriúnacha a roghnú. Tá sonraí le fáil sa tábla thíos maidir le tréimhse cheapacháin na gcomhaltaí reatha:

| COMHALTA BOIRD | RÓL | DÁTA CEAPTHA / DEIREADH TÉARMA |
|---|---|---|
| Cliona Cassidy | Cathaoirleach | Ceaptha in Eanáir 2013 / Éirithe as in Eanáir 2019 |
| Claire Callanan | Cathaoirleach | Ceaptha in Eanáir 2019 |
| Dorothea Dowling | Leas-Chathaoirleach | Ceaptha in Aibreán 2017 |
| Frank Cronin | Gnáthchomhalta | Ceaptha in Aibreán 2017 |
| Brian Hogan | Gnáthchomhalta | Ceaptha i Nollaig 2002 |
| Nigel Lindsay | Gnáthchomhalta | Ceaptha i Samhain 2017 |

I Márta 2019, chuir an Coimisiún Eorpach iarratas isteach chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcoinne na hÉireann maidir le hAirteagal 8.1 de Threoir 2009/18/CE de 23 Aibreán 2009 a chur i bhfeidhm. Cuireadh ar bun leis an Airteagal sin na bunphrionsabail a rialaíonn imscrúdú na dtimpistí in earnáil an iompair mhuirí, agus aird ar leith ar neamhspleáchas an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí. Thaisc an Stát cosaint sna himeachtaí sáraithe le linn 2019. Cinnfidh an Chúirt Bhreithiúnais Eorpach ar an 9 Iúil 2020.

## Sceideal Tinrimh, Táillí agus Speansas

Tá sceideal tinrimh do na cruinnithe Boird sa bhliain 2019 leagtha amach i Nóta 5 a ghabhann leis na ráitis airgeadais. Tá na táillí agus na costais a fuair gach comhalta leagtha amach ann.

## Athbhreithniú ar Fheidhmíocht

Sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019, d'fhostaigh an Bord The Governance Company agus chuir sé féinmheasúnú ar líne i gcrích. Cuireadh an tuarascáil ar eascair as sin isteach ar 20 Nollaig 2019.

D’fhostaigh an Bord cuntasóir seachtrach chun cúnamh a thabhairt maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras rialaithe inmheánaigh. Cuireadh an t-athbhreithniú i gcrích agus cheadaigh an Bord an tuarascáil in Aibreán 2020.

## Athruithe Tábhachtacha ar Phearsanra

Tharla athrú tábhachtach amháin ar phearsanra sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019. D'éirigh Monica Quinn as ar an 4 Nollaig 2019 agus tháinig Philip Grattan ina háit sa Rúnaíocht. Thosaigh Philip Grattan ag obair leis an BITM ar 21 Deireadh Fómhair 2019.

## Coistí

Níl aon chiste ar bun.

## Nochtadh atá de dhíth faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an BITM riachtanais an Chóid, mar a d’fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Ceanglaítear sa Chód an nochtadh seo a leanas a dhéanamh:

### Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Is iad seo a leanas na costais taistil agus chothabhála a tabhaíodh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019 (2018: nialas).

### Costais Sainchomhairleoireachta

Níor tabhaíodh agus níor caipitlíodh aon chostas sainchomhairleoireachta le linn na bliana dar críoch 31 Nollaig 2019 (2018: €2,984).

Baineann táillí dlíthiúla agus proifisiúnta €13,537 (2018: €7,684) le caiteachas ar phróisis a seachfhoinsíodh faoi 'ghnó mar atá'.

### Caiteachas ar Fháilteachas

B'ionann caiteachas ar fháilteachas le linn na bliana agus €786 (2018: €856). Baineann caiteachas ar fháilteachas le costais a thabhaítear le haghaidh cruinnithe Boird agus oiliúint imscrúdaitheoirí.

## Nochtadh Breise

Tá miondealú ar shochair ghearrthéarma fostaithe san áireamh i Nóta 4 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

Ní dhéantar nochtadh eile a éilítear faoin gCód i ndáil le costais agus socraíochtaí dlí, agus ní nochtar íocaíochtaí agus comhaontuithe foirceanta/iomarcaíochta ós rud é nár tabhaíodh aon chaiteachas i ndáil leis na catagóirí sin sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019.

## Ráiteas Comhlíonta

Tá an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) glactha ag an mBord agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige lena chinntiú go gcomhlíontar an Cód. Deonaíodh maolú leanúnach don BITM ar an gCoiste Iniúchta agus Riosca bunaithe ar na struchtúir agus nósanna imeachta reatha atá ann sa BITM ar mhaithe le maoirseacht airgeadais agus bainistíocht riosca.

Tá liosta thíos de na maoluithe a deonaíodh don BITM ar fhorálacha áirithe an Chóid mar gheall ar a mhéid beag agus ar nádúr a ghníomhaíochtaí:

- Iniúchadh Inmheánach, agus an Coiste Iniúchta agus Riosca[1]
- Maoin a Fháil agus Maoin Bharrachais a Dhiúscairt
- Talamh, Foirgnimh nó Sócmhainní Ábhartha eile a Fháil
- Measúnú ar Infheistíocht Chaipitiúil
- Éagsúlú, Bunú Fochuideachtaí agus Fáil Earraí agus Seirbhísí ag Comhlachtaí Stáit
- Sócmhainní Stáit a Dhiúscairt
- Comhlíonadh na gceanglas maidir le Ceant nó Próiseas Tairisceana a úsáid[2]

Tá gnólacht cuntasóirí ar fostú ag an BITM agus ullmhaíonn an gnólacht sin na Ráitis Airgeadais gach bliain agus tugann sé cúnamh don BITM i rith an phróisis iniúchta. Tá meitheal oibre ar leith de chuid an ghnólachta cuntasaíochta ar fostú freisin chun athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar rialuithe inmheánacha airgeadais an BITM.

Tá clár rioscaí ag an BITM agus déantar é a athbhreithniú mar mhír bhuan ag gach uile chruinniú Boird.

Cuireadh an comhaontú maoirseachta BITM i gcrích ar an 19 Iúil 2019 tar éis é a phlé agus a athbhreithniú i gcomhar leis an RITS.

Claire Callanan

Claire Callanan
Cathaoirleach
30 Meitheamh 2020

1. Coimeádann an BITM clár rioscaí.
2. Déanann an maolú seo tagairt do mhíreanna 8.36 – 8.43 den Chód Cleachtais agus ní bhaineann sé le tairiscintí a lorg le haghaidh ábhair leanúnacha chlár an BITM.

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

## Scóip na Freagrachta

Thar ceann an BITM, admhaím freagracht an Bhoird i ndáil lena chinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a choimeád ar bun agus a oibriú. Áiríonn an fhreagracht seo ceanglais an Chóid.

## Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun riosca a bhainistiú de réir leibhéal inghlactha seachas deireadh a chur le riosca. Mar sin, ní féidir leis an gcóras ach a dhearbhú go réasúnta seachas go hiomlán go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh ag teacht le treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i bhfeidhm ag an BITM don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 agus suas go dtí an dáta ar ceadaíodh na ráitis airgeadais.

## An Cumas chun Riosca a Láimhseáil

Mar gheall ar mhéid beag, fuair an BITM maolú ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar an bhfeidhm Iniúchta Inmheánaigh. Faoi láthair, déanann an BITM athbhreithniú ar rialú inmheánach lena chuntasóirí seachtracha.

## Creat Riosca agus Rialaithe

Chuir an BITM córas bainistíochta riosca i bhfeidhm a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, na rioscaí siúd a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an BITM agus rinneadh iad seo a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú de réir a thábhachtaí atá siad. Déanann an Bord athbhreithniú ar an gclár gach mí. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí ar leibhéal cuí.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus an fhreagracht as rialuithe a oibriú atá ar bhaill foirne áirithe. Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas:

- rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta agus sannadh an fhreagracht chomhfhreagrach,
- soláthraíonn an RITS buiséad bliantúil €€278,000 don BITS le haghaidh imscrúduithe agus le haghaidh caiteachas eile gnó. Déantar an buiséad a tharraingt anuas de réir mar a tharraingíonn iarmhéid chuntas bainc BITM ar €50,000. Má bhíonn iarmhéid leordhóthanach ann ag deireadh na bliana agus is féidir leis an BITM a dheimhniú nach mbeidh airgead breise ag teastáil, coinníonn an Roinn an chuid eile den deontas nár tarraingíodh as.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Cuirtear nósanna imeachta foirmiúla a bunaíodh chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomh ceartaitheach agus don bhainistíocht agus an Bord, sa chás gurb iomchuí, ar bhealach tráthúil. Deimhním go bhfuil na córais monatóireachta leanúnaí seo a leanas i bhfeidhm:

- is féidir úsáid a bhaint as tuairisciú oibríochtúil gnó chun deimhniú a fháil i ndáil leis an tslí ina bhfuil rioscaí á mbainistiú,
- déantar faireachán agus athbhreithniú ar ghníomhaíochtaí an lucht bainistíochta lena chinneadh go bhfuil socruithe maidir le cáilíocht á gcomhlíonadh i gcomhréir leis na hionchais i leith réimsí sonracha riosca, agus
- déanann cuntasóirí neamhspleácha athbhreithnithe ar rialú inmheánach ar bhonn bliantúil.

## Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an BITM chun a chinntiú go gcomhlíontar rialacha agus treoirlínte reatha maidir le soláthar agus gur chomhlíon an BITM na nósanna imeachta sin in 2019 ach amháin maidir leis na hábhair seo a leanas.

Tá conarthaí lena ngabhann luach iomlán €40,006 agus nach raibh aon chomórtas soláthair i gceist leo i rith na bliana 2018 leagtha amach sa tábla thíos.

| Catagóir an chaiteachais neamh-chomhlíontaigh | 2019 | 2019 – líon soláthraithe |
|---|---|---|
| Seirbhísí cuntasaíochta agus iniúchta inmheánaigh | 7,134[1] | 1 |
| Seirbhísí prtiontála | 6,998 | 1 |
| **Iomlán** | **14,132** | **2** |

1. Áirítear leis €3,567 a bhaineann le 2018 agus a íocadh i Márta 2019.

Fuarthas seirbhísí cuntasaíochta agus iniúchta inmheánaigh ar dtús tar éis próiseas soláthair iomlán in 2013. Coinníodh an soláthraí sin gan próiseas soláthair nua a reáchtáil mar gheall ar an tseirbhís shásúil a chuir sé ar fáil roimhe, an t-eolas atá aige ar ghníomhaíochtaí agus feidhmeanna an Bhoird agus ar chostas réasúnta íseal na seirbhíse.

Níl conradh foirmiúil ann i leith seirbhísí priontála ó bhí an bhliain 2004 ann ós rud é go lorgaítear agus go measúnaítear meastachán i ndáil le gach tuarascáil ar leith agus go ndéantar comhaontú ina leith ina dhiaidh sin. Mar gheall ar an gcostas íseal, coinníodh an soláthraí priontála gan tairiscint iomaíoch a chur ar siúl. Ach mar gheall ar an méadú ar líon na n-imscrúduithe agus na riachtanas priontála, beartaíonn an BITM tairiscintí a lorg le haghaidh riachtanais phriontála sa 2ú ráithe nó athrú ar phriontáil inmheánach na dtuarascálacha a phlé.

Is iad na príomhchúiseanna a bhaineann le neamh-chomhlíonadh nádúr speisialaithe na hoibre a dhéanann an BITM, na méideanna réasúnta beaga atá i gceist, an tslí a bhfeidhmíonn sé le bord cúigear agus méid beag na Rúnaíocht tacaíochta. D'fhéadfadh na rudaí sin ar fad ualach mór a chur ar acmhainní teoranta.

Admhaím an Bord nár tugadh aghaidh le linn 2019 ar na nochtaí soláthair a aithníodh in 2018. Go dtí seo, ní rabhthas ábalta soláthar neamh-chomhlíontach a scrúdú agus a chur i gceart mar gheall ar acmhainní foirne an BITM, ach tá an tasc sin ar Phlean Gnó an BITM lena phlé sa 2ú ráithe.

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an BITM chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá eolas ag gach comhalta boird ar an airgead ar fad a chaitheann an BITM chun a ról reachtúil a chomhlíonadh agus tugann Rúnaí an Bhoird an t-eolas is déanaí dóibh, ar bhonn leanúnach agus ag gach cruinniú Boird, maidir leis na híocaíochtaí a dhéantar agus aon tsaincheisteanna a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar airgeadas an BITM. Ní mór dhá chomhalta an Bhoird gach íocaíocht a fhaomhadh agus a údarú ar an gcóras baincéireachta ar líne AIB.

Déantar eolas breise don mhonatóireacht agus athbhreithniú a dhéanann an BITM ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh ag na nithe seo a leanas: obair na n-iniúchóirí seachtracha, na cuntasóirí seachtracha a dhéanann athbhreithniú ar an bhfeidhm rialaithe inmheánaigh, an ardbhainistíocht sa BITM atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a choinneáil ar siúl.

Deimhním gur thug an Bord faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2019. Rinneadh eolas dó sin ag na nósanna imeachta sa BITM chun monatóireacht agus rialú a dhéanamh ar ghnó agus caiteachas leanúnach an Bhoird agus ag tuarascáil na gcuntasóirí a fostaíodh i bhFeabhra 2020 chun tabhairt faoi athbhreithniú seachtrach ar na rialuithe inmheánacha. Breithníodh an tuarascáil dréachta maidir leis an Athbhreithniú ar Rialú Inmheánach agus cheadaigh an Bord é ag an gcruinniú Bord ar 23 Aibreán 2020. Tá an Bord sásta freisin go bhfuil na rialuithe atá i bhfeidhm láidir agus éifeachtach.

## Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Níor sainaithníodh aon laigí maidir le rialú inmheánach i ndáil leis an mbliain 2019, ar nithe iad nach mór iad a nochtadh sna ráitis airgeadais, seachas an soláthar neamh-chomhlíontach a nochtar thuas.

Sínithe thar ceann an Bhoird



Claire Callanan
Cathaoirleach
30 Meitheamh 2020

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil atá le tíolacadh do Thithe an Oireachtais An Bord Imscrúdú Taismí Muirí

## Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Tá ráitis airgeadais an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí iniúchta agam don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 de réir mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 20 den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000. Cuimsítear an méid seo a leanas sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ar ioncaim agus caiteachais agus ar chúlchistí ioncaim coimeádta
- an ráiteas ar an staid airgeadais
- an ráiteas ar sreabhadh airgid thirim agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha cuntasaíochta.

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí ar an 31 Nollaig 2019 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas don bhliain 2019 de réir Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 - An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme maidir leis an Ríocht Aontaithe agus maidir le Poblacht na hÉireann.

## An bonn leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Iniúchóireachta Idirnáisiúnta (ISA-anna) mar atá fógartha ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nArd-Institiúidí Iniúchóireachta. Tá cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin le fáil san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar an mBord Imscrúdú Taismí Muirí agus tá mo chuid cúraimí eiticiúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam leordhóthanach agus cuí mar bhonn le mo thuairim.

## Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráiteas airgeadais, agus ar nithe eile

Tá faisnéis áirithe eile tíolactha ag an mBord Imscrúdú Taismí Muirí in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Tá mo chuid freagrachtaí i dtaca le tuairisciú a dhéanamh maidir le faisnéis den sórt sin agus maidir le nithe áirithe eile a dtugaim tuairisc orthu ar bhonn eisceachtúil, leagtha amach san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam i dtaca leis sin.

Orla Duane
Ar son agus thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste,
30 Meitheamh 2020

## Aguisín a ghabhann leis an Tuarascáil

### Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

De réir mar atá leagtha amach sa ráiteas rialachais tá freagracht ar chomhaltaí an Bhoird i ndáil leis an méid seo a leanas:

- ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm atá forordaithe faoi alt 20 den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000
- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart de réir FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh i dtaobh an cuí úsáid a bhaint as bonn cuntasaíochta gnóthais leantaigh, agus
- cibé rialú inmheánach a chur i bhfeidhm a mheasann siad a bheith riachtanach le go mbeifear in ann ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu is calaois nó earráid is cúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm, faoi alt 20 den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú) 2000, ráitis airgeadais an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí a iniúchadh agus tuarascáil ina leith a thabhairt do Thithe an Oireachtais. Is é an cuspóir atá agam agus mé i mbun an iniúchta ná dearbhú réasúnach a fháil i dtaobh an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha ar calaois nó earráid is cúis leis. Is ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnach, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir míráitis a bheith ann de bharr calaoise nó earráide agus meastar go bhfuil siad ábhartha i gcás ina bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnach go rachaidís, ina n-aonar nó le chéile, i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíochta a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d’iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta, bainim leas as breithiúnas gairmiúil agus bíonn amhras gairmiúil orm i rith an iniúchta go léir. Le linn dom déanamh amhlaidh,

- Aithním agus measúnaím na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha i leith na ráiteas airgeadais, cibé acu calaois nó earráid is cúis leis; dearaim agus cuirim i bhfeidhm nósanna imeachta iniúchóireachta a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta ar leor agus cuí í chun bonn a chur ar fáil dom maidir le mo thuairim. Tá an riosca nach mbraithfear míráiteas ábhartha ar calaois is cúis leis níos mó ná an riosca nach mbraithfear ceann ar earráid is cúis leis, ó tharla go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomh d'aon turas, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá cuí sna himthosca lena mbaineann, ach ní chun tuairim ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha a chur in iúl.
- Déanaim meastóireacht ar chuibheas na mbeartas cuntasaíochta a úsáideadh agus ar réasúnacht na meastachán cuntasaíochta agus na nithe gaolmhara a nochtadh.
- Déanaim conclúid maidir le cuibheas úsáid an bhoinn cuntasaíochta gnóthais leantaigh agus, ar bhonn na fianaise iniúchóireachta a fhaightear, déanaim conclúid i dtaobh an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann maidir le himeachtaí nó dálaí a d’fhéadfadh amhras suntasach a chruthú maidir le cumas an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má dhéanaim conclúid go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, tá sé de cheangal orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nithe gaolmhara a nochtadh sna ráitis airgeadais nó, mura leor na nithe sin, mo thuairim a mhodhnú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fhaightear suas go dtí dáta mo thuarascála. D’fhéadfadh sé, áfach, go scoirfeadh an Bord Imscrúdú Taismí Muirí de leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach de bharr imeachtaí nó dálaí amach anseo.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, ar struchtúr agus ar ábhar na ráiteas airgeadais trí chéile, le n-áirítear na nithe a nochtadh, déanaim meastóireacht i dtaobh an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na himeachtaí atá taobh thiar díobh ar bhealach a chuireann i láthair go cóir iad.

Téim i gcomhairle leo siúd ar a bhfuil freagracht i ndáil le rialachas a mhéid a bhaineann le raon agus tráthú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha a éiríonn as an iniúchadh, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha a shainaithním le linn an iniúchta maidir le rialú inmheánach, gan trácht ar nithe eile.

### Faisnéis maidir le nithe seachas na ráitis airgeadais

Ní chlúdaíonn mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair in éineacht leis na ráitis sin ná ní léirím aon chineál conclúide dheimhnithigh ina leith.

I dtaca le m’iniúchadh ar na ráitis airgeadais, tá sé de cheangal orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus, fad is atáim á dhéanamh sin, a bhreithniú an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas i gcaitheamh an iniúchta, nó an ndealraíonn sé go bhfuil míráiteas ábhartha eile ann. Más rud é, ar bhonn na hoibre a dhéanaim, go ndéanaim conclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann san fhaisnéis eile sin, tá sé de cheangal orm an méid sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar nithe eile

Déantar m'iniúchadh faoi threoir na gcúinsí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Déanaim tuairisciú má shainaithním nithe ábhartha maidir leis an gcaoi a ndearnadh gnó poiblí.

Le linn an t-iniúchadh a dhéanamh, féachaim le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Déanaimh tuairisciú má shainaithním aon chás ábhartha ar ina leith nár caitheadh airgead poiblí chun na críche a bhí beartaithe nó nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a raibh siad faoina rialú.

### Tuairiscím ar bhonn eisceachtúil freisin más amhlaidh, i mo thuairim,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim i gcomhair an iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta le go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go réidh agus go cuí, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

# Ráiteas ar Ioncam & Caiteachas & Cúlchistí Coimeádta Ioncaim

Don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2019

| | Nótaí | BLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOL 2019 € | BLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOL 2018 € |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontais Oireachtais (Vóta 31, fotheideal C3) | | 200,590 | 237,392 |
| | | 200,590 | 237,392 |
| **Caiteachas** | | | |
| Tuarastail Foirne | 4 | 100,442 | 122,623 |
| Táillí Comhaltaí Boird | 5 | 20,948 | 20,948 |
| Priontáil, Postas agus Stáiseanóireacht | | 6,998 | 25,778 |
| Fógraíocht | | - | 4,933 |
| Dearadh Suímh Gréasáin | | 1,137 | 584 |
| Costais Imscrúduithe Timpiste | 3 | 27,864 | 40,199 |
| Costais Oifige | | 480 | - |
| Trealamh Sábháilteachta | | 503 | - |
| Aistriúchán | | 1,534 | - |
| Mapaí/Cairteacha | | 1,937 | 1,273 |
| Táillí Dlíthiúla agus Proifisiúnta | | 13,537 | 10,668 |
| Cuntasaíocht | | 7,134 | 8,364 |
| Táillí Iniúchta | | 6,000 | 7,000 |
| Táillí Bainc | | 264 | 401 |
| Oiliúint | | 2,400 | 3,250 |
| Costais Éagsúla | | 810 | 855 |
| | | 191,988 | 246,876 |
| Barrachas /(Easnamh) don Bhliain | | 8,602 | (9,484) |
| Easnamh Carntha amhail 1 Eanáir | | (51,331) | (41,847) |
| Easnamh Carntha amhail 31 Nollaig | | (42,729) | (51,331) |

Tá an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Thirim agus nótaí 1 go 11 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Claire Callanan
Cathaoirleach
30 Meitheamh 2020

Denise Hyland
Rúnaí
30 Meitheamh 2020

# Ráiteas ar Staid an Airgeadais

Amhail 31 Nollaig 2019

| | Nótaí | 31 NOL 2019<br>€ | 31 NOL 2018<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Réamhíocaíochtaí | | 492 | 583 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | | 22,179 | 45,576 |
| | | 22,671 | 46,159 |
| **Creidiúnaithe** – méideanna atá dlite laistigh d'aon bhliain amháin | | | |
| Suimeanna Iníoctha | 2 | (65,400) | (97,490) |
| **Glansócmhainní reatha** (dliteanais) | | (42,729) | (51,331) |
| **In ionannas** | | | |
| Easnamh Carntha a tugadh ar aghaidh | | (51,331) | (41,847) |
| Barrachas/(Easnamh) don tréimhse | | 8,602 | (9,484) |
| Cúlchistí Coimeádta Ioncaim | | (42,729) | (51,331) |

á an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid Thirim agus nótaí 1 go 11 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Claire Callanan
Cathaoirleach
30 Meitheamh 2020

Denise Hyland
Rúnaí
30 Meitheamh 2020

# Ráiteas ar Shreafaí Airgid Thirim

Amhail 31 Nollaig 2019

| | 31 NOL 2019 € | 31 NOL 2018 € |
|---|---|---|
| **Sreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibríochta** | | |
| Airgead tirim a gineadh/(a ionsúdh) ó oibríochtaí | 8,602 | (9,484) |
| Méadú ar infháltais | 91 | (583) |
| Méadú/(laghdú) ar shuimeanna iníoctha | (32,090) | 5,073 |
| **Glan-insreabhadh/(as-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí ibriúcháin** | (23,397) | (4,994) |
| **Airgead tirim glan a úsáideadh i ngníomhaíochtaí infheistíochta** | - | - |
| **Airgead tirim glan a úsáideadh i ngníomhaíochtaí airgeadais** | - | - |
| **Méadú/(laghdú) glan ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim** | (23,397) | (4,994) |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag tús na bliana | 45,576 | 50,570 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag deireadh na bliana** | 22,179 | 45,576 |

# Nótaí a Ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

## Nóta 1. Beartais Chuntasaíochta

Tá an bonn cuntasaíochta agus na beartais shuntasacha chuntasaíochta atá glactha ag an mBord Imscrúdú Taismí Muirí leagtha amach anseo thíos. Cuireadh gach ceann acu i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud na bliana agus sa bhliain roimhe sin.

### a) Faisnéis Ghinearálta

Bunaíodh an Bord Imscrúdú Taismí Muirí faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000. Thosaigh an Bord ag oibriú ar 5 Meitheamh 2002. Cuireadh ar bun go foirmiúil é ar 25 Márta 2003. Déanann an Bord imscrúdú neamhspleách ar thaismí muirí in Éirinn agus foilsíonn sé na tuarascálacha a éiríonn as imscrúduithe den sórt sin.

### b) Ráiteas Comhlíonta

Rinneadh ráitis airgeadais an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019 a ullmhú de réir FRS 102, is é sin, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme i bPoblacht na hÉireann agus atá eisithe ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC).

Tá freagracht ar Bhord an eintitis a bhí i seilbh oifige ar dháta ceadaithe na Ráiteas Airgeadais seo i ndáil lena chinntiú go gcomhlíonann an t-eintiteas a chuid oibleagáidí iomchuí agus deihmnímid gur chomhlíon an t-eintiteas an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (Lúnasa 2016).

### c) Gnóthas leantach

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthas leantach.

### d) Bonn ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dliteanais áirithe a ndéantar iad a thomhas de réir luachanna córa mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm atá ceadaithe ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000. Tá na beartais chuntasaíochta seo a leanas curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach le linn a bheith ag déileáil le nithe a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais an Bhoird Imscrúdú Taismí Muirí.

### e) Tréimhse na Ráiteas Airgeadais

Clúdaíonn na ráitis airgeadais an tréimhse 12 mhí go dtí an 31 Nollaig 2019.

### f) Airgeadra

Tá na ráitis airgeadais curtha i láthair in Euro (€) agus is é an Euro airgeadra feidhmiúil an Boird freisin.

### g) Deontais Oireachtais

Is ionann an t-ioncam ó Dheontais Oireachtais agus an t-airgead agus costais tuarastail na foirne ar iasacht a fuarthas i rith na bliana ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus íocaíochtaí a rinne an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt thar ceann fhoireann an Bhoird Imscrúdú Taismí Muir*.

*Nóta: Tá triúr baill foirne bhuana ann i Rúnaíocht an BITM agus iad sannta ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

### h) Costais Imscrúduithe a Aithint

Fabhraítear costais a bhaineann le himscrúduithe leanúnacha do dheireadh na bliana bunaithe ar na costais mheasta in aghaidh imscrúdaithe. Tugann imscrúdaitheoirí sonrasc don BITM nuair a chríochnaítear imscrúduithe.

### i) Aoisliúntas

Tá na baill foirne Roinne* atá sannta chun gníomhú mar Rúnaíocht don BITM clúdaithe ag socruithe iomchuí pinsin na Roinne. Mar sin, níl aon dliteanas ar an mBord as Pinsin..

### j) Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim

Áiríonn le hairgead tirim agus coibhéisí airgid thirim airgead tirim ar láimh, taiscí a choimeádtar ar glao i mbainc, infheistíochtaí leachtacha gearrthéarmacha eile a bhfuil aibíochtaí bunaidh trí mhí nó níos lú acu, agus rótharraingtí bainc. Tá na rótharraingtí bainc ar taispeáint laistigh d'iasachtaí i ndliteanais reatha..

## Nóta 2. Creidiúnaithe – méideanna atá dlite laistigh d'aon bhliain amháin

| | 2019<br>€ | 2018<br>€ |
|---|---|---|
| Speansais Fhabhraithe | 65,400 | 97,490 |

| | | |
|---|---|---|
| Tá méideanna a bhaineann leis an méid seo a leanas san áireamh i gcostais fhabhraithe: | | |
| Cuntas rialaithe ÍMAT | 7,212 | 10,055 |

## Nóta 3. Costais Imscrúduithe Timpiste

I rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2019, chuir an Bord 7 n-imscrúdú i gcrích agus foilsíodh tuarascálacha ar gach imscrúdú. Ba é a bhí i gcostas iomlán na n-imscrúduithe a cuireadh i gcrích sa bhliain 2019 ná €27,864. Sa bhliain 2019, níor foilsíodh aon tuarascálacha eatramhacha ar imscrúduithe leanúnacha. Amhail ar 31 Nollaig 2019, bhí 10 n-imscrúdú ar siúl agus ní raibh siad críochnaithe. Is é costas féideartha na hoibre sin €35,955 agus tá sé san áireamh leis an bhfigiúr do na speansais fhabhraithe i nóta 2. Fabhraítear costais imscrúdaithe sa bhliain ina dtarlaíonn an teagmhas lena mbaineann.

## Nóta 4. Fostaithe agus Aoisliúntas

### Príomhphearsanra bainistíochta

Cuimsíonn príomhphearsanra bainistíochta an BITM comhaltaí an Bhoird agus an fhoireann ardbhainistíochta. Leagtar amach luach iomlán na sochar fostaí don phríomhphearsanra bainistíochta ag Nóta 5 leis na Ráitis Airgeadais.

Tá Rúnaíocht bhuan ann ina bhfuil triúr baill foirne atá curtha ar fáil ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Faigheann an Roinn costais foirne ar ais ó leithdháileadh deontais an Bhoird. Shann an RITS 3 bhall foirne don Bhord ag deireadh na bliana 2019 agus 3 bhall foirne ag deireadh na bliana 2018.

Tá mionsonraí faoin líon foirne ar gach pá-bhanda le fáil sa tábla anseo thíos.

| Sochair ghearrthéarmacha fostaí<br>€ | 2019<br>Líon fostaithe sa phá-bhanda | 2018<br>Líon fostaithe sa phá-bhanda |
|---|---|---|
| 0 – 59,999 | 3 | 3 |
| 60,000 – 69,999 | - | - |
| 70,000 – 79,000 | - | - |

## Nóta 5. Comhaltaí Boird

Tagann an Bord le chéile ar bhonn rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar a chuid oibríochtaí agus bhí 11 ghnáthchruinniú aige sa bhliain 2019, ach tugann na Comhaltaí faoi mhéid suntasach gnó go leictreonach idir na cruinnithe de réir mar is gá chun cinntí práinneacha a dhéanamh maidir le himscrúduithe.

Amhail ar an 31 Nollaig 2019, bhí 5 chomhalta san iomlán ar an mBord.

Rinneadh na táillí a bhí iníoctha leis an gCathaoirleach agus le comhaltaí an Bhoird sa bhliain 2019 a íoc de réir rátaí a cheadaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Fuair an Cathaoirleach agus na comhaltaí Boird táille pro rata. Sa bhliain 2019, ní bhfuair beirt chomhaltaí Boird aon táille faoin bprionsabal 'Duine Amháin Tuarastal Amháin' (OPOS).

**Tá sceideal Tinrimh agus Táillí in 2019 leagtha amach thíos:**

| Comhalta boirdr | Cruinnithe ar ar Freastalaíodh | 2019 € | 2018 € |
|---|---|---|---|
| Cliona Cassidy (Cathaoirleach – éirithe as in Eanáir 2019) | 1/11 | - | 8,978 |
| Claire Callanan (Cathaoirleach – ceaptha in Eanáir 2019) | 11/11 | 8,978 | - |
| Frank Cronin | 11/11 | 5,985 | 5,985 |
| Dorothea Dowling | 9/11 | 5,985 | 5,985 |
| Nigel Lindsay | 9/11 | -* | - |
| Brian Hogan | 11/11 | -* | - |
| **Táillí Iomlána** | | **20,948** | **20,948** |

*De réir an phrionsabail 'Duine Amháin Tuarastal Amháin' (OPOS), ní bhfuair Nigel Lindsay ná Brian Hogan aon táille sa bhliain 2019.

Íoctar ráta bliantúil le comhaltaí an Bhoird, ar bhonn pro rata seachas de réir freastail ar chruinnithe. Léiríonn na méideanna a nochtar thuas na méideanna comhlána ab iníoctha le comhaltaí.

Níor íocadh aon chostais taistil le comhaltaí an Bhoird sa bhliain 2019 i leith freastail ar Chruinnithe Boird i rith na bliana 2019.

## Nóta 6. Gnóthas leantach

Sa bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2019, thaifead an Bord barrachas oibriúcháin €8,602, agus easnamh carntha €42,729 don tréimhse 2002-2019. Fuarthas maoiniú sa bhliain 2019 agus meastar go leanfar de mhaoiniú a fháil chun a chinntiú gur féidir leis an mBord a dhliteanais go léir a chomhlíonadh.

## Nóta 7. Costais oibriúcháin

Cuireann an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt cóiríocht ar fáil in aisce don Bhord, lena n-áirítear úsáid sócmhainní seasta, in áitreabh na Roinne ar Lána Líosain, Baile Átha Cliath 2.

Déanann an Bord a chostais oibriúcháin féin a mhaoiniú cé is moite de na seirbhísí seo a leanas atá á gcur ar fáil saor in aisce ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt:

- TF agus Guthán
- Postas, stáiseanóireacht & costais phriontála inmheánaí (seachas costais a bhaineann le himscrúduithe)
- Glantachán
- Costais oifige eile, lena n-áirítear soilsiúchán agus téamh.

## Nóta 8. Cáin

De réir Alt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, níor íocadh aon cháin ná ní gá aon scorú a dhéanamh ina leith sin sna ráitis airgeadais..

## Nóta 9. Comhaltaí an Bhoird: Nochtadh Leasanna

Tá nósanna imeachta glactha ag na comhaltaí Boird go léir de réir alt 17 agus 18 den Acht Loingis Cheannaíochta (Taismí Muirí a Imscrúdú), 2000.

Tugann an Bord faoina ghnó ar bhealach atá neamhchlaonta agus a mbreathnaítear air mar neamhchlaonta i gcomhréir le Cód Iompair Gnó an BITM (féach www.mcib.ie). Tá sé mar aidhm ag an gCód sraith prionsabal eiticiúil comhaontaithe a bhunú maidir le gnó an Bhoird a chur i gcrích; muinín as an mBord a chur chun cinn agus a choimeád; agus cosc a chur le nósanna imeachta mí-eiticiúla a fhorbairt nó a ghlacadh ag an mBord. Cuireann comhaltaí Boird in iúl do Rúnaí an Bhoird aon coimhlint leasa a d'fhéadfadh a bheith ann agus ní ghlacfaidh siad páirt i gcruinniú Boird nuair a thagann coimhlint leasa chun cinn.

Agus riachtanais na nAchtanna um Eitic in Oifig Poiblí, 1995 agus 2001 – Ráiteas Bliantúil ar Leasanna á gcomhlíonadh, tugann gach comhalta Boird foirm Ráiteas ar Leasanna agus í comhlánaithe don Rúnaí gach bliain tráth nach déanaí ná 31 Eanáir. Cuirtear freagairtí nialais isteach freisin.

## Nóta 10. Covid 19x

Pléadh tionchar na paindéime Covid-19 ag an gcruinniú Boird a bhí ar siúl ar 3 Márta 2020. D'aithin an Bord go bhféadfar go mbeidh gá ann cruinnithe Boird ó chian a reáchtáil sa tréimhse a bhí le teacht de bharr na srianta taistil agus cleachtais oibre a rabhthas ag súil leo ón Rialtas; go mbeidh ar fhoireann na Rúnaíochta obair ón mbaile ar feadh tréimhse fhada; agus go bhféadfar go gcuirfear isteach ar imscrúduithe a dhéanann imscrúdaitheoirí mar gheall ar shrianta taistil. Cuireadh plean leanúnachais gnó i bhfeidhm chun cur isteach ar obair an Bhoird a íoslaghdú. Chomh maith leis sin, thug an BITM faisnéis don RITS maidir le bearta teagmhasachta an BITM, mar chuid d'ionchur na Roinne sa Plean Gníomhaíochta Náisiúnta le dul i ngleic le Covid-19. Tugtar an t-eolas is déanaí faoi Covid-19 d'imscrúdaitheoirí a bhaineann lena gcuid oibre mar imscrúdaitheoirí muirí. Tugadh faomhadh ag cruinniú an Bhoird ar 23 Aibreán 2020 chun síneadh leictreonach a úsáid, más gá chun gnó an BITM a chur ar aghaidh, fad is atá na srianta fós i bhfeidhm.

## Nóta 11. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na ráitis airgeadais ar 23 Meitheamh 2020.

MCIB
Marine Casualty Investigation Board
*Bord Imscrúdú Taismí Muirí*

Lána Líosain, Baile Átha Cliath 2. Guthán: 01-678 3485. Facs: 01-678 3493. www.mcib.ie